Faoi láthair níl mórán acmhainní ar fáil chun cabhrú le tomaltóirí agus speisialtóirí d'insuiteoirí chórais teasa cháilíochta a aithint. Mar thoradh air sin, bíonn deacrachtaí os comhair tomaltóirí maidir le cinntí thábhachtacha ceannaithe a dhéanamh, agus ag an am céanna, bíonn deacrachtaí ag insuiteoirí ghairmiúla maidir le córais den chleachtas is fearr a dhíol.

Ina inniúlacht mar an údarás um fhuinneamh náisiúnta, tá an FIÉ ag tacú le caighdeáin traenála tionscal treoraithe agus Cóid Chleachtas do shuiteálaithe chórais téimh. Foin tionscnamh nua, beidh ceann de na céad scéim bainteach le maoiniú a chur ar fáil do thraenáil teicneoirí chórais téimh ola de réir na scéime bainistithe ag an gCumann Teicniúil Ola (CTO). Beidh deiseanna maoinithe ar fáil d'institiúidí bunaithe in Éirinn ag a bhfuil cumais traenála, ar a n-áirítear iad siúd atá bainteach leis an earnáil oideachais agus traenála, sa tionscal príobháideach, agus/nó frontair idir an dá pháirtí.

Is cuid den Chlár tionscnamh nua cáilíochta do Ghréasán Foirgnimh Fhuinnimh Inmharthana (GFFI) a chuireann chun cinn go nglacfaí go forleathan le cleachtas pleanáil fhuinnimh inmharthana i bhfoirgnintí.

# Tithíocht Ioncain Ísil

Meastar nach mbíonn sé d'acmhainn ag 62,000 teaghlach in Éirinn íoc as breoslaí i rith an ama agus go mbaineann an rud céanna i gceist le suas le 227,000 teaghlach ó am go chéile.

Cuireann an clár seo le bunú agus le cur i ngníomh phlean náisiúnta gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht bhreosla i dtithe ina bhfuil daoine le hioncam íseal.

I measc eilimintí an chláir tá:

- > Íosaíocht fhuinnimh i dtithe ina mbíonn daoine le hioncam íseal ina gcónaí a fheabhsú
- > Inniúlacht eagraíochtaí in Éirinn toisí den chineál sin a chur i bhfeidhm
- > Tacaíocht don ghníomhaíocht seo trí chlár eolais agus feasachta ardaíthe, agus trí chomhpháirtíocht a thógáil ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Buiséad 2004: €0.94 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Bhí feabhasaithe maidir le Gníomhaireacht Fhuinnimh Bainte amach i 6,815 teach faoi Nollaig 2004.

In Eanáir 2004, sheol FIÉ "Athbhreithniú ar bhochtaineacht bhreosla agus tithíocht ioncain ísil" ag seimneár ina raibh líon mór coimeádaithe Geallta lena n-áirítear na ranna agus na ngníomhaireachtaí rialtais eile chomh maith le hionadaithe ón earnáil phobail agus dheonach.

Le linn an tsamhraidh 2004, cheap an FIÉ beirt chonarthóir chun feidhmíocht Clár Íoc Amach Chiste a sheachadaíonn insealbhú mhodhanna tíosaíochta fhuinnimh i dtithe ina mbíonn teaghlach le hioncam íseal ina gcónaí a bhainistiú. Cuireadh ainm nua ar an gClár Íoc Amach Chiste mar atá Scéim Thithe Níos Teo.

Faomhadh dhá ghníomhaíocht insealbaithe pobal -bhunaithe eile i Loch Garmáin agus in Iniseoin Co. Dhún na nGall le haghaidh maoinithe. Ocht ngníomhaíocht insealbaithe anois atá ag feidhmiú faoin scéim: dhá cheann i mBaile Átha Cliath; ceann amháin i gcathair Chorcaigh agus i gcathair Luimnigh, Trá lí agus Loch Garmáin agus dhá cheann i nDún na nGall.

Thionscain an FIÉ, ag deireadh 2004, tionscadal príobháideach agus is tríd an tionscadal seo ar a mbunófar múnla chun caidreamh a bhunú le conarthóirí insealbaithe. Tá níos mó leathnú amach ar phlean forbartha Scéim Tithíochtaí Níos Teo i gceist do 2005 le fócas ar insealbaitheoirí pobal- bhunaithe i gcónaí.

## MEITHEAL FORBARTHA NA GAELTACHTA TEO (MFG)

Bunaíodh MFG, cuideachta forbartha poiblí bunaithe i nGaeltacht Dhún na nGall i 1990 chun an clár Leader 1 a sheachadadh i gceantair Gaeltachta ar fud na tíre. Sa bhliain 1996 rinneadh conradh le MFG chun an clár Cur san Áireamh Sóisialta um Fhorbairt Áitiúil, a raibh laghdú leibhéil bhochtanaís i gceantair áitiúla thairmliogthe mar phríomhchuspóir aige.

San Fómhair 2003 chuir MFG iarratas isteach le haghaidh maoinithe faoin ainm nua " FIÉ ScéimThithe Níos Teo" chun cuidiú leis seirbhís theas díonta do theaghlach ioncain ísil i nGaeltacht Dhún na nGall a chur ar bun. Faoi chomhaontú trí bliana, tá FIÉ ag soláthar maoinithe 50,000 in aghaidh na bliana. Tá MFG ag cur an comhordaithóir ar fáil agus tá FÁS ag cur maoiniú fóirne trína scéim Fostaíochta Pobail agus Tionacnaimh Phostanna, chomh maith le maoiniú do thraenáil fóirne ar fáil.

Thosaigh MFG ag feidhmiú i Meán Fómhair agus anois tá siad ag soláthar teasdíonta chuasáin bhallaí agus áiléar, seirbhísí chun tithe a dhéanamh díonmhar ar sheidéáin, seaicéid shorcóirí uisce the, lampaí fuinnimh ísil agus comhairle fuinnimh d'úinéirí tithe d'ioncam íseal i nGaeltacht Dhún na nGall. Cuirtear costas beag i bhfeidhm don tseirbhís, ach is féidir é a chealú má tá sé seo ag teastáil.

Le linn 2004, d'fheabhsaigh MFG tíosaíocht fhuinnimh i níos mó ná 100 tithe. Tá an tionscadal seo ag cur fostaíocht agus traenáil ar fáil do thriúr daoine, iad go léir difhostaithe ar an bhfadthearma roimhe sin. Le linn na chéad bliana a bhí sé ag feidhmiú, d'éirigh le MFG táirgiúlacht mhaith agus ceardaíocht d'ardchaighdeán a bhaint amach.

D'ainneoin infheistíocht bheag go leor maidir leis an tseirbhís a fhoilsiú, tá an-tóir uirthi agus anois tá liosta fada feithimh ag MFG. Le linn 2005, tá pleananna ag an gcuideachta obair a chur i ngníomh i níos mó ná 100 tithe ar son an FIÉ, lena n-áirítear cuid de na tithe ar na hioleáin amach ó chósta Dhún na nGall.

# An Earnáil Phoiblí

Mhol an Páipéar Glas um Fuinneamh Inmharthana gur cheart go mbeadh an earnáil poiblí ina heiseamlár den chleachtas is fearr i dtíosaíocht fhuinnimh. Éascaíonn an clár seo feabhsúcháin suntasacha i dtíosaíocht fhuinnimh i bhfoirgintí na hearnála poiblí.

Éascaíonn sé feabhsúcháin suntasacha tíosaíochta fuinnimh maidir le dearadh agus sonraíocht i dtógáil as an nua agus athchóirithe a sheachadadh a bhfuil tuairim is €1.9 billiún leithdháilte dó faoin bPlean Náisiúnta Forbartha.

I measc eilimintí an chláir tá:

- > Staidéir Dheartha chun deiseanna nua do réitigh atá tíosach ar fhuinneamh in athchóiriú agus i bhfoirgníocht a léiriú
- > Múnlaí de réitigh chun tacú le hinfheistíocht nua i réitigh atá níos tíosaí ar fhuinneamh
- > Feidhmiúcháin bhiúró um bainistíocht fuinnimh chun soláthar conarthaí rialú agus bainistíocht fuinnimh d'fhoirgintí na hearnála poiblí a spreagadh

Buiséad 2004 :€1.99 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Tar éis athbhreithnithe den chlár tionscadail a fuair tacaíocht chomh maith le hathbhreithniú de chlár an bhuiséid, rinneadh cinneadh an Scéim Tacaíochta Staidéir Dheartha ( d'iarthóirí indibhidiúla) agus an Scéim Tacaíochta Infheistíochta Réitigh Eiseamlárnach a dhúnadh. Tá an scéim fhoirmiúil ar oscailt fós d'iarthóirí aicmeach. Sa tréimhse go dtí 2004 cuireadh 75 staidéar deartha agus 49 múnla de réitigh i gcrích. Tá siad seo go léir ag feidhmiú go hiomlán mar thionscadail taispeántais i bhfoirgintí poiblí.

Tá obair ar siúl ar: mheastúchán píolótach ar dheich múnla réitigh comhlánaithe, táscairí feidhmíochta oiriúnacha le haghaidh foirgintí a fhorbairt in Éirinn, meastúchán ar theicneolaíochtaí charbóin ísil don fho-earnáil agus táirgíocht treoirleabhar bainistíochta fuinnimh i bhfoirgintí.

Tá dhá bhiúró ag feidhmiú go hiomlán anois. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí mar óstach ar an gcéad cheann a chlúdaíonn breis is 150 de na foirgnimh is mó in eastát oifigí an rialtais lárnaigh. Seoladh "e3" go hoifigiúil i mBealtaine 2004 ina n-áirítear UCD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Instiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (féach cás-staidéar). Tá leas á bhaint ag na coláistí cheana ó laghdaithe in úsáid fuinnimh agus costais mar thoradh ar idirghabháil bhiúró.

D'fhaomh an FIÉ iarratas a cuireadh isteach ag an Roinn Sláinte agus Leanaí le haghaidh biúró lena gcorpaítear na cúig ospidéal teagaisc. Is iad seo cuid de na húsáiditheoirí fhuinnimh is mó in earnáil sláinte na hÉireann.

## E3 – BIÚRÓ UM BHAINISTÍOCHT FHUINNIMH I GCOLÁISTÍ TRÍÚ LEIBHÉAL

Tá ceithre choláiste tríú leibhéal, Instiúid teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath aontaithe le chéile chun e3 a chur ar bun – an Biúró Tríú Leibhéal um Bainistíocht fhuinnimh – chun iarracht a dhéanamh úsáid fuinnimh bhliantúla an choláiste a laghdú. Cuireadh tacaíocht don bhiúró, a seoladh go hoifigiúil i mBealtaine 2004, ar fáil ag dhá scéim chlár na hearnála poiblí de chuid an FIÉ. Thug an Múnla Scéim Tacaíochta um Infheistíocht Réitigh maoiniú do chur i bhfeidhm an chóras monatóireachta fuinnimh i bhfoirgintí a bhí idirlíon bunaithe fad is a bhí an biúró é féin maoinithe faoin Scéim Biúró Bainistíochta Fuinnimh.

Faoi threoir an bhiúró, rinneadh sraith iniúchtaí fhuinnimh ar gach campas ollscoile. Is é aidhm na n-iniúchtaí conas a baineadh úsáid as fuinneamh i ngach foirgneamh; céard iad na modhanna sábhála fuinnimh a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm; agus céard iad na spriocanna a d'fhéadfaí a leagan síos le feidhmíocht amach anseo. Thaispeáin na hiniúchtaí go raibh an-scóip ann chun cleachtais tíosa atá ann faoi láthair a fheabhsú. Shainaithin an cuideachta an réimse de shábháil fhuinnimh a d'fhéadfadh teacht as insealbhaithe teicneolaíochtaí fearais agus rialacháin nua. Is éard is toradh leis seo ná go bhfuil infheistíocht déanta ag cuid de na coláistí i roinnt bhealaí mar atá rialacháin agus solaisí feabhsaithe.

Tá torthaí na n-iniúchtaí seo chomh maith le cinn eile scaipthe ag an mbiúró trí chláracha traenála agus ag cruinnithe dírithe d'fhóirne lena mbaineann ag na ceithre coláistí. Chomh maith leis sin cuirtear chun cinn saincheisteanna a bhaineann le feachtas fuinnimh ar an suíomh do lucht éisteachta níos leithne trí phóstaear ghreamaitheoirí agus chártaí glao a scaipeadh.

Is é aidhm an bhiúró 10% lacáirse in úsáid fuinnimh i 30 phríomhfhoirgneamh a bhaint amach taobh istigh de thréimhse thrí bliana. Ag deireadh na trí bliain meastar go mbeidh an choigilt fhuinnimh ag tuairim is €315,000 gach bliain. Beidh iadhdú 3,230 tonna astuithe CO<sub>2</sub> da bharr.

# Eolas don Thomhaltóir

Cruthaítear aon cheathrú d'astuithe CO<sub>2</sub> a bhaineann le húsáid fuinnimh in Éirinn san earnáil chónaithe. Is tréith í den earnáil na leibhéil réasúnta arda feasachta maidir le toisí bunúsacha tíosáochta Fuinnimh atá ann.

Go ginearálta, áfach, níl tomhaltóirí eolach mórán ar na tionchair thimpeallachta a bhaineann le húsáid fuinnimh nó ar oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann faoi Chomhaontú Kyoto agus Treoracha éagsúla an AE. Ar an gcaoi chéanna, cuireann tomhaltóirí in iúl go bhfuil siad toilteanach agus gur mian leo a bheith níos tíosáí ar fhuinneamh, ach chuige sin, ní thagann gníomhaíocht.

Is éard atá mar aidhm ag an gclár eolais do thomhaltóirí ná an pobal a thabhairt chun cinn i dtreo leibhéal ardaithe feasachta agus gníomhaíochta i bhfabhar tuilleadh iompraíochta um fhuinneamh inmharthana. Áirítear leis an gclár:

- > Seachtain Eolais Fhuinnimh
- > Eolas agus comhairle trí bhróisiúir, beolíne teileafóin agus taispeántais
- > Gníomhaíochtaí iompraíocht thomhaltóirí
- > Tionscnaimh i scoileanna chun luathmhúnlú iompraíochta agus meoin agus dearcadh fadtéarmach a chothú.

Buiséad 2004: €0.7 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Is príomhthionscnamh é Seachtain Eolais Fhuinnimh atá dírithe ar lucht tithíochta go háirithe. Teas inmharthana ba théama don chlár 2004 agus iarradh go láidir ar thomhaltóirí teirmeastait téimh a íslíú 1%, a d'fhéadfadh coigilt 10% ar bhíllí téimh a dhéanamh.

Bhí seastán ag FIÉ ag Taispeántas Tithe Earraigh agus Gairdíní, a bhí ar siúl ag an RDS i Márta 2004.

Ghlac 20 bailte móra agus cathracha ar fud na hÉireann páirt sa Lá Náisiúnta Gan Caranna a bhí ar siúl ar an 22 Meán Fómhair 2004. Bhí líon mór scoileanna ag glacadh páirt i gcomórtas do bhunscoileanna a bhain leis an lá, an chéad cheann dá shórt eagraithe ag an FIÉ.

Rinneadh forbairt fréamhshamhail ar ionad gréasáin "White Site" i 2004 freisin, a ligfidh do thomhaltóirí siopadóireacht fuinneoige a dhéanamh d'fhearais tíosach fuinnimh ar líne agus iad a chur i gcomparáid le saincheisteanna agus praghasanna táirgí. Beidh an láithreán comhlánaithe le linn 2005.

Dhírigh an clár do scoileanna níos mó ar ghrúpaí a bhí níos óige le forbairt an leabhair oibre Guzzler, a dhíríonn ar an aoisghrúpa 5-7.

## ACMHAINNÍ GUZZLER DO BHUNSCOILEANNA

### Cúlra

Rinneadh ábhar éigeantach den eolaíocht do dhaltai de gach aois nuair a tugadh isteach an Curaclum nua Eolaíochta do bhunscoileanna i 2003. Thug an FIÉ faoin dúslán seo trí acmhainní nua a fhorbairt a bhí dírithe ar léibhéal sóisearach na mbunscoileanna. Tar éis dul i gcomhairle le roinnt múinteoirí, cuireadh an carachtar agus na hacmhainní Guzzler ar fáil agus dáileadh iad ar scoileanna ar fud na tíre.

### Leabhair Guzzler

Tar éis dul i mbun cainteanna le múinteoirí agus daltaí bhí sé soiléar go raibh formáid an leabhair mhóir an-éifeachtach ag an leibhéal seo. Cuireadh "Guzzler's Big Book on Energy", leabhar scéalaíochta datha A3 le chéile. Is fathach cáirdiúil é Guzzler, an carachtar lánach sa scéal, a úsáideann an iomarca fuinnimh. Tríd an scéal, múineann úinéir Guzzler, cailín óg darbh ainm Aoife, dó faoi mhodhanna chun fuinneamh a shábháil. Is leabhar oibre é "Guzzler Investigates Energy" atá ag dul leis agus a chuireann leis an leabhar scéalaíochta. Tá an leabhar lán le idirghníomhaíochtaí atá an-oiriúnach don seomra ranga le daltaí sna naíonáin rang a haon agus rang a dó.

I Méan Fómhair 2004 cuireadh bunscoileanna go léir ar an eolas faoi acmhainní nua FIÉ do bhunranganna a bhí ar fáil saor in aisce. Faoi seo tá breis is 1300 leabhar dáilte ar bhunscoileanna. Tugann taighde neamhghoirimíúil le fios go bhfuil an-tóir ar na leabhair i measc múinteoirí agus daltaí araon.

### Ceardlanna Guzzler

Cuireadh idircheardlann le chéile freisin mar chuid den sraith acmhainní seo. Treoraíonn áiseoirí saineolaíochta daltaí tríd an gceardlann praiticiúil seo agus le cabhair puipéid mhóir bíonn cuma réalaióch ar Guzzler do na daltaí. Thosaigh ceardlanna go luath i 2005 agus leanfaidh siad ar aghaidh trí bhliain acadúil na scoileanna ag a bhfuil na leabhair Guzzler faighte cheana.

# An Oifig Eolais um Fhuinneamh In-athnuaite

Is seirbhís náisiúnta de chuid FIÉ í an Oifig Eolais um Fhuinneamh In-athnuaite (OEFI), a bunaíodh i Bandon, Co. Corcaigh chun úsáid acmhainní fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus comhairle agus eolas neamhspleácha sholáthar go náisiúnta ar shaincheisteanna airgeadúla, sóisialta agus teicniúla a bhaineann le forbairt fhuinnimh in-athnuaite.

Éascaíonn sé úsáid mhéadaithe fuinnimh ó acmhainní in-athnuaite cosúil leis an ngaoth, an ghrian, bithmhais, cumhacht gheoiteirmeach agus hidreachumhacht trí:

- > Nuachtlitir rialta agus réimse bróisiúr eolais a fhoilsiú
- > Bunachar sonraí de pháirtithe ábhartha in Éirinn a bhfuil ló lárnach acu i dtuilleadh fáis thionscal an fhuinnimh in-athnuaite a choinneáil.
- > Comhdhálacha, ceardlanna agus cruinnithe eolais ar shaincheisteanna a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite a eagrú
- > Seirbhís tosaíochta comhairle a sholáthar do lucht pleanála agus lucht déanta cinntí na n-údarás áitiúil

Buiséad 2004: €0.68 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Bhí 46 feirmeacha gaoithe 340 MW insealbhaithe agus timpeall 200MW á dtógáil; 15 MW gáis líonta talún insealbhaithe agus 1.8 MW adhmaid TCC á dtógáil ag mí na Nollag 2004.

Forbraíodh "paca gaoithe" ina raibh ábhair uasdátaithe agus feabhsaithe don tionscal fuinnimh lucht airgeadais agus lucht ceaptha beartais. Áirítear i measc foilseachán nua eile treoirleabhar díoltóra don mhargadh cónaithe.

D'oibrigh an OEFI taobh leis an Roinn Chomhshaoil agus Rialtas Áitiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na treoireacha pleanála gaoithe d'údarás áitiúla.

Maidir le dualgais sheachtracha, d'óstáil an OEFI trí chomhdháil náisiúnta agus turasanna staidéir agus ghlac páirt i réimse taispeántais trádála ar a n-áirítear Taispeántas Gairdíní agus Tithe Earraigh, an Taispeántas Fuinnimh, oícheanta eolais agus turasanna staidéir, an Taispeántas Féin-Tógtha, Plean Expo, an taispeántas Uisce agus Timpeallachta na hÉireann agus comhdháil bhliantúil Chumann Fuinnimh Gaoithe na hÉireann.

Chomh maith leis sin, d'eagraigh an OEFI imeachtaí eolais faoi leith agus turasanna staidéir chun tacú le forbairt an mhargaidh maidir le tionscadail gaoithe, na gréine agus bithmhaise chomh maith le trí chuairt ar thaispeántais aon lá amháin ar Thrá Lí, ar

Ghaillimh agus ar Cheannannas Mór le linn na Seachtaine Eolais Fhuinnimh.

Phléigh deasc cuidithe na hOEFI le breis agus 8,000 glaoch.

## FUINNEAMH ADHMAID 2004

Tá an phoiréinsíúil ag Éirinn soláthar breosla dúchasach a thagann ó fhorbairt fhoraoiseacha agus dramhaíl thionscal an adhmaid a fhorbairt. D'fhéadfaí teacht i dtír ar an acmhainn seo ar mhaithe le margaidh bhaile, tionscaláíochta agus onnmhairithe. Tá an-chuid buntáistí ag baint le breoslaí athscagtha mar chipíní adhmaid, millíní adhmaid, brícíní (mín sáibh cúrsáilte) mar tá siad glan agus dlúth, éasca chun stórála, agus tá fuinneamh an-ard iontu.


Bhí sé seo i measc an réimse saincheisteanna a pléadh ag comhdháil a bhí eagraithe ag an FIÉ Oifig Eolais Um Fhuinneamh In-athnuaite in éineacht le COFORD. D'fhreastail breis agus 100 toscairí, ar a n-áirítear Mr. John Browne TD, Aire Stáit ag an Roinn Talamhaíochta agus Bia ag an gcomhdháil dar dteideal "Fuinneamh Adhmaid 2004" a reachtáil le linn gCorcaigh.

Le linn na himeachta a mhair dhá lá, roinn saineolaithe ceannasaíochta ón Ostair, ón nGearmáin, ón tSualainn, ó Mheiriceá agus ó Éirinn a gcuid saineolas agus taithí i bhforbairt tionscadail éagsúla adhmaid.

I measc na dtopaicí eile a tugadh aghaidh orthu le linn na comhdhála bhí meastuchán ar chuid de na deiseanna gnó a bhí ar fáil do thionscadail bhreoslaí adhmaid a bhí ag forbairt; forbhreithniú ar bheartais tacaíochta rathúla Rialtais i limistéir údarás eile; athbhreithniú ar fhorbairtí teicneolaíochtaí nua i réimse táirgiúlacht mhillíní adhmaid, iad a dháileadh, téamh adhmaid agus cumhacht agus teas chomhcheangailte (CTC); agus cuntas de scéalta rathúla ón Ostair agus ó na Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Rinne Pearse Buckley ón FIÉ cur i láthair ar thorthaí an Ghrúpa Straitéise Bithfhuinnimh ar stádas reatha acmhainní fuinnimh adhmaid in Éirinn a bhí praiticiúil agus ar fáil. Ina chur i láthair, rinne Conor Casey ó Theicneolaíochtaí Casey cur síos ar phoitéinsíúil a d'fhéadfadh teicneolaíochtaí téamh adhmaid a thabhairt do na hearnálacha tionscaláíochta agus tráchtála in Éirinn.

Thug Tim Cowhig ó Chórais Bithfhuinnimh Neamhspleách, comhchoiste idir Graingers Sawmills agus an grúpa SWS, cur i láthair ar thaithí a chuideachta ar éirigh leis an chéad fhearas CHP bithfhuinnimh a fhorbairt, (fearas ar tugadh tacaíocht dó ag clár RE RD&D). Tá an cumas ag an bhFearas CHP bithfhuinnimh teas 3.5MW a ghineadh don mhúileann sábhadóireachta agus leictreachais 1.8MW le haghaidh onnmhairithe go dtí an greille náisiúnta. Chríochnaigh an chomhdháil le cuairt chuig an bhfearas, atá suite in Enniskeana, Co. Corcaigh.



# Comhaontuithe Deonacha – Gréasán Fuinnimh Thionscail Mhóir (GFTM)

Is tionscnamh deonach gréasáin é Gréasán Fuinnimh Thionscail Mhóir (GFTM) de chuid ochtó de na húsáideoirí fuinnimh tionsclaíochta in Éirinn. Aithníonn na cuideachtaí seo atá tiomanta d'fhuinnimh a laghdú ar bhonn indibhidiúil, an leas a d'fhéadfadh a theacht as comhoibriú ar thionscnaimh le heagraíochtaí eile atá ar aon intinn leo.

Is uirlis luachmhar é do bhainistíocht rathúil an cur chuige struchtúrtha i Leith iniúchta agus bainistíocht fhuinnimh, (chomh maith le ráiteas bliantúil de chuntais fhuinnimh, atá mar choinníoll ballraíochta den Ghréasán).

Is iad príomheilimintí an chláir GFTM ná:

- > Dul chun cinn fheidhmíocht fhuinnimh a thuairisciú agus spriocanna réadúla a leagan síos
- > Eolas a roinnt agus macasamhail den chleachtas is fearr a dhéanamh, trí cheardlanna, láithreán gréasán do bhaill GFTM, cúrsaí a sheachadheolas Cás-Staidéar a scaipeadh
- > Iomaíocht a fheabhsú trí costais fhuinnimh a laghdú
- > Cuidiú le cuideachtaí riachtanais chomhshaoil agus rialacháin a bhaint amach

Buiséad 2004: €0.1 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Tá thart ar 42.4% de riachtanas tionsclaíochta bunfhuinnimh agus 9.4% de riachtanas bunfhuinnimh náisiúnta ó bhallraíocht an (GFTM)

Mhéadaigh ballraíocht GFTM go 80 gnólacht, a bhfuil caiteachas bliantúil de thuairim is €300 milliún ag baint leo. Tháinig trí ghnólacht nua isteach sa Ghréasán i 2004 agus d'fhág dhá ghnólacht.

Sheol Mr. Noel Dempsey, an tAire Chumarsáide Mara agus Acmhainní Nádirtha an Tuarascáil Bhliantúil GFTM 2003, i mí na Nollag 2004. Ba í a bhí mar chonclúid ar an tuarascáil ná gur shábháil na baill thart ar 123.6 GWh i gcaitheamh na bliana, agus ag éirí as sin laghdú de bheagnach 43,419 tonna CO<sub>2</sub>.

Eagraíodh cúig cheardlann agus sheimineár do bhaill le linn na bliana. Foilsíodh trí nuachtlitir.

Tá sé mar phlean ag an FIÉ leanúint ar aghaidh ag forbairt an ghréasáin agus tá suim léirithe ag roinnt comhlachtaí a bheith ina mbaill.

## AG CUR PRAGHAS AR FUINNIMH AGUS CEARDLANNA TREOCHAÍ, CILL CHAINNIGH

Reachtáir ceardlanna Ghréasán Fuinnimh Thionscail Mhóra (GFTM) gach bliain in áiteanna éagsúla timpeall na hÉireann. Is féidir le baill ghréasáin, ligean do rochtain ar eolas faoin gcleachtas is fearr ar ghéithe teicniúla agus straitéiseacha ag na ceardlanna seo, a chabhróidh leo, dá bharr, deiseanna sábhála fuinnimh laistigh den ghnáthlathair, a uasmhéadú.

D'fhreastail baill an GFTM ar cheardlann i mí Lúnasa 2004, áit inar pléadh, i measc saincheisteanna eile, an réimse fachtóirí a d'fhéadfadh a bheadh tionchar acu ar phraghasanna fuinnimh.

Tá tuiscint ghéar ar an dinimiciúlacht a bhaineann le praghas a chur ar fhuinneamh an-tábhachtach, de bharr praghasanna fuinnimh a bheith neamhshocruithe in Éirinn, chomh maith leis an neamhchinnteacht atá ag baint le margaidh fhuinnimh idirnáisiúnta. Bhí deis ag cuideachtaí baill éisteacht le tuairimí saineolacha lucht eacmanaíochta, lucht comhairliúcháin agus soláthróirí, ag an gceardlann i mí Lúnasa. Chuir an t-eolas seo ar a gcumas cinntí eolasacha maidir le buiséid agus tacar tosaíochta don bhliain seo chugainn a dhéanamh. Thug an imeacht deis do bhainisteoirí fuinnimh ceangal a dhéanamh le lucht gairmiúla ar chomhcheim leo agus tionscadaíl éagsúla bainteach le fuinneamh agus saincheisteanna a phlé leo.

Tharla an imeacht ag an am céanna le fógra an Choimisinéara um Rialachán Fuinnimh faoi mhionsonraí bainteach le hardaithe praghasanna leictreachais. Timpeall an ama seo freisin, sheol an BSL mionsonraí dá Scéim Lacáiste Éilimh Uasghnóthaí Gheimhridh agus bhí cur i láthair ag Greille Náisiúnta BSL ag míniú na difríochtaí, ina ghné den cheardlann.

# Cur Chun Cinn Teicneolaíochta

Tá cuideachtaí Éireannacha anois ag díriú aird níos mó ná riamh fiú, ar an gá atá ann tomhaltas fuinnimh a laghdú agus monatóireacht a dhéanamh air i ngach gné dá fheidhmiúcháin agus é seo go léir i gcoinne cúlra atá go mór faoi bhrú ag saincheisteanna mar athrú aeráide costais breoslaí ag ardú go hidirnáisiúnta agus oscailt mhargaidh gáis agus leictreachais do mhalairt sholáthróirí.

Tá cead ag cuideachtaí a mbíonn tíosacht fuinnimh, agus caomhnú agus cosaint na timpeallachta ina eilimintí lárnacha acu mar chuid dá gcleachtais bainistíochta, éifeacht chostais fuinnimh atá ag ardú, a laghdú agus as sin b'fhéidir go bhfaighidh siad cabhair buntáiste iomaíochta, inmharthana a chruthú dá ngnó. Chomh maith leis sin, is féidir le cuideachtaí leas a bhaint as cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí agus teicnící tíosach fuinnimh agus sa chaoi sin ag laghdú ar fhuinnimh a úsáideann siad agus na costais lena mbaineann.

Díríonn an clár seo ar dhur chun cinn modhanna feabhsucháin tíosacht fuinnimh cruthanta agus a chruthaíonn lacáistí an-mhóra in úsáid fuinnimh agus na costais lena mbaineann. D'fhéadfadh iniúchtaí fuinnimh córais bhainistíochta fuinnimh a dhearadh agus a fhorbairt agus cur i ngníomh feachtas ardú feasachta dírithe ar fhostóirí laistigh den ghnáthláithreán a bheith i measc tionscnaimh sábhála fuinnimh.

I measc an réimse ghníomhaíochtaí tugann an clár um Chur Chun Cinn Teicneolaíochta, spreagadh chun go nglacfaí le teicnící agus teicneolaíochtaí den chleachtas is fearr tionscail, agus tugann sé spreagadh agus tacaíocht do thaighde fuinnimh chomh maith le taighde, forbairt agus taispeántas (RD&R).

Buiséad 2004: €0.1 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Ba é 2004 an chéad bhliain do na Gradaim Fhuinnimh Inmharthana ina bhfuarthas 250 ainmniúchán (féach Cás-Staidéar). Bronnadh 18 gradam ar fad i seacht gcatagóir ag dinnéar mór in Ostán Conrad Baile Átha Cliath i mí na Samhna 2004.

Ba é "I dtreo geilleagair charbóin ísil" téama an Taispeántas Fuinnimh a reachtáladh ar an 12 agus 13 de Bhealtaine san RDS, Baile Átha Cliath. Thug an imeacht deis do sholáthróirí agus cuistiméirí theicneolaíochtaí agus seirbhísí fuinnimh inmharthana buaileadh le chéile, tuairimí a roinnt, gnó a dhéanamh, agus geilleagar charbóin ísil a dhéanamh mar chuid lárnach dá gcuid fheidhmiúcháin laethúla.

Cuireadh cúrsaí ar bhainistíocht fuinnimh agus bainistíocht theach gaileadáin le linn na bliana. Bhí sé seo le cois na n-ocht gceardlann fuinnimh in-athnuaite ag an Taispeántas Fuinnimh.

## GRADAIM FHUINNIMH INMHARTHANA

Cruthaíodh Gradaim Fhuinnimh Inmharthana, a eagraíodh ag FIÉ, agus a urraíodh ag Soláthar do Chustaiméirí BSL, chun cleachtas den scoth i mbainistíocht fuinnimh sna hearnálacha tionscalaíochta, tráchtála agus poiblí, is cuma cé chomh mór is a bhí siad, a spreagadh, a aithint agus gradaim a bhronnadh orthu, chun aithint phoiblí a fháil dá gcuid éachtaí úsáid fuinnimh agus astuithe CO<sub>2</sub> bainteach le fuinneamh a laghdú.

Ba é 2004 an chéad bhliain den scéim ghradaim. Tharla an searmanas chur i láthair i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna os comhair lucht féachana 200 de na bainisteoirí fuinnimh agus lucht gairmiúla thionscalaíochta fuinnimh ba shinsearaí.

Ba é Martin O Connor Pfizer Ireland Pharmaceuticals, Little Island, Corcaigh faighteoir Ghradam Bainisteora na Bliana. I measc na gcúiseanna a cuireadh ar aghaidh chun an gradam seo a aithint, bhí a thiomantas gan sárú do bhainistíocht fuinnimh; a thiomantas d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil; agus a thiomantas do cheannasaíocht éifeachtach foirne bainistíochta fuinnimh.

Chuaigh an gradam don fhorbhuaiteoir sa Chlár Bainistíochta Fuinnimh Comhordaithe do Auginish Alumina Ltd, mar aitheantas dá éacht den chaighdeán is airde amach is amach i mbainistíocht fuinnimh. (Féach cás-staidéar Comhaontaithe Fuinnimh)

Tá sé beartaithe ag FIÉ na Gradaim Fhuinnimh Inmharthana a leathnú amach i 2005.



# Comhaontuithe Fuinnimh

I Meán Fómhair 2004, d'fhógair an rialtas nach dtabharfadh sé isteach cánachas carbóin. Sa chúlra seo, tá FIÉ ag dul i gcomhpháirtíocht le IBEC chun comhaontú nua fuinnimh a fhorbairt.

Mar thoradh ar an gcóras Trádála Astuithe AE a thabhairt isteach, caithfidh gnóilachtaí aghaidh a thabhairt ar chostais leictreachais níos airde. Tá an ghné seo, chomh maith le neamhsrochrú praghasanna i margaidh fuinnimh idirnáisiúnta, ag gineadh brú níos mó ar chúrsaí gnó.

Is féidir le tionsacht fheabhsaithe agus úsáid níos fearr a bhaint as foinsí fuinnimh athnuachana, cuidiú chun na rioscaí eacnamaíocha a bhaineann le soghalaíocht mhargaidh agus saincheisteanna lena mbaineann.

Bunaithe ar thorthaí an thionscadail phíolótaigh um Chomhaontuithe Idirbheartaithe, creideann FIÉ go bhfuil deis ann spriocanna tíosacha fuinnimh a dhéanamh foirmiúil, bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta ar mhaithe le bainistíocht fuinnimh i dtionscail agus san eacnamaíocht níos leithne. I gcoinne an chúlra seo, tá FIÉ i gcomhpháirtíocht le IBEC, ag forbairt tionscnamh rialúcháin chostas fuinnimh nua. Is iad na heilimintí lárnacha a mbeidh ann ná a dhírú ar chleachtais bhainistíocht fuinnimh dul ar aghaidh, agus ag an am céanna, laghdú suntasach ar ualach comhréireach a raibh go dtí seo bainteach le comhaontuithe idirbheartaíochta. Cinnteofar go n-éireofar le sábhálacha poitéinsiúla fuinnimh agus astuithe agus dul chun cinn eacnamaíoch inmharthana a dhéanamh, trí pháirt a ghlacadh sa Chomhaontú Fuinnimh – agus go háirithe i bhforbairt bainistíochta éifeachtaigh laistigh de chuideachtaí.

Buiséad 2004: €0.49 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Sonraíonn ceann de shonraí bhuaichphointí an phríomhchlár ba ea cur ar bun struchtúr comhaontaithe nua i bhfianaise fógra an rialtais, nach dtabharfadh sé cáin charbóin isteach.

Tá modhúil leictreachais agus teirmeach a gcuideoidh le cuideachtaí deiseanna sábhálacha fuinnimh a aithint laistigh de struchtúr an Chomhaontaithe Fuinnimh. Chomh maith leis sin, tá dhá tháirge fuinneamh bainistithe, i bpróiseas a bheith forbartha. Soláthróidh an chéad cheann, an Clár um Ghníomhaíocht Bainistíochta Fuinnimh/Energy Action Management Programme (EMAP), treoir phraiticiúil d'aon ghnólacht ar mhian leis fuinneamh a bhainistiú go hinmharthana. Chomh maith leis sin, tá FIÉ agus Udarás Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (UCNÉ) i bpróiseas Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh Éireannach a fhorbairt.

## COMHAONTUITHE IDIRBHEARTAITHE – Ó SCÉIM PHÍOLÓTACH GO CUR I NGNÍOMH

Bhí Aughunish Alumina Ltd. (AAL) páirteach i dtionscadal píolótaigh Comhaontuithe Idirbheartaithe an FIÉ i 2002.

Le linn an iniúchta fuinnimh a rinneadh mar chuid den thionscadal píolótaigh seo, aithníodh deiseanna chun sábhálacha fuinnimh a ghineadh trasna réimse áisiúlachtaí agus bainteach le gíomhaíochtaí próisis. Go foriomlán, measadh go raibh líon na ndeiseanna dhun sábhálacha a ghineadh suntasach agus aird faoi leith ar an gcóras téarnaimh teasa.

Mar chuid de chomhaontú a lean agus a idirbheartaíodh i 2003, rinne AAL tiomantas do:

- > Córas bainistíochta fuinnimh creidiúnaithe a chur ar bun
- > Comhordaitheoir fuinnimh tiomanta a cheapadh
- > Tionscadail éagsúla téarnaimh teasa a chur i ngníomh

I nDeireadh Fómhair 2004, fuair AAL creidiúint leis an gCóras Bainistíochta Fuinnimh 2403 Caighdeán na Danmhairge agus mar sin is é an chéad chuideacht in Éirinn ar éirigh leis creidiúint a bhaint amach leis an gcaighdeán fuinnimh a bhfuil aithint idirnáisiúnta air. Chun aitheantas a thabhairt dá thiomantas do bhainistíocht fuinnimh, bhuaigh AAL Gradam Cláir Bhainistíochta hFuinnimh comhorduithe 2004 ag an searmanas um ghradaim inmharthana a reachtáladh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2004.

Cuirfidh AAL an chéad chéim eile dá chlár bainistíochta i ngníomh i 2005, tréimhse ina mbeidh réimse tairbhí breise le feiceáil a thagann de bharr a chuid feidhmíthe ar chaighdeán bainistíochta fuinnimh na Dainmhairge.

# Teas agus Cumhacht Chomhcheangailte

Is éard atá i gceist le TCC ná gineadh comhuaineach teasa agus leictreachais inúsáidte in aon phróiseas amháin. Faoi na coinníollacha cearta, d'fhéadfadh TCC a bheith mar dhóigh eacnamúil chun tiosaíocht úsáid fuinnimh a fheabhsú agus chun spriocanna comhshaoil do laghdú astuithe a bhaint amach.

Áirítear le Straitéis an Chláir TCC de chuid FIÉ obair ar phoitéinseal théamh limistéar, staidéir fhéidearthachta/fhearais phíolótacha do thionscadail nuálacha TCC, clár feasachta, tacaíocht do bhunú an Chumainn TCC, moltaí do chóiríú rialacháin agus reachtaíochta TCC, agus luacháil ar mheicníochtaí tacaíochta amach anseo atá ann chun cuidiú leis an Rialtas Beartas um TCC a fhorbairt.

Is éard atá mar aidhm ag Clár Fhuinneamh Inmharthana na hÉireann, ná feasacht níos mó a thógáil ar na tionchair agus ar an leas a bhaineann le teicneolaíocht TCC, agus sa deireadh go raibh lucht airgeadaíthe ní ba thoilteanaí tacú le forbairtí TCC.

Buiséad 2004: €0.13 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Bunaíodh an Grúpa Beartas TCC/CHP i Márta 2004. Chun cuidiú leis an nGrúpa Beartas moltaí eolasacha a dhéanamh, choimisiúnaigh FIÉ é seo a leanas:

- > Tuarascáil aiciomre ar thréithe atáthar ag súil leo maidir le teicneolaíochtaí "prime mover" do TCC/CHP
- > Luacháil ar reachtaíocht atá ann faoi láthair agus rialachán a théann i bhfeidhm ar theicneolaíochtaí nua in Éirinn
- > Tuarascáil tagarmharcála idirnáisiúnta
- > Tuarascáil ar chumas slabhra soláthair Éireannach um iarratais TCC/CHP

Tá FIÉ tar éis dul i ngníomh chun feasacht a chruthú do TCC/CHP in Éirinn agus tá maoiniú tugtha aige le haghaidh úirlisí dhul chun cinn ar a n-áirítear treoir do theicneolaíocht TCC/CHP, na buntáistí atá aige agus an úsáid a bhaintear as; áis ar líne idirghníomhach a dearadh chun luacháil a dhéanamh ar an suíomh TCC/CHP mar fhreagra ar fhuinneamh a shábháil a chur ar fáil.

Rinneadh dhá staidéar féidearthachta i 2004: Beidh siad seo comhlánaithe i 2005.

Faomhadh sé thionscadal TCC/CHP faoin gclár FIÉ, RD&D Fuinnimh Athnuachana. Faomhadh trí thionscadal bithmhaise faoin scéim AER VI, ag a raibh inniúlacht insealbhaite iomlán de 26.8 MW.

## MOLADH GHRÚPA BEARTAIS TCC/CHP DO CUR INGNÍOMH POLASAÍ NÁISIÚNTA AR TCC/CHP

Aithníonn rialtas na hÉireann go mbeadh méadú ar thíosacht fhuinnimh dá mbainfidh úsáid níos mó as teicneolaíocht teasa agus chumhachta comhcheangailte agus d'fhéadfadh sé cur go mór le laghdú astuithe gáis cheaptha teasa.

Sa chúlra seo, i mí Márta 2004, chuir an Roinn Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Grúpa Beartais ar bun agus é ar intinn acu scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinsiúil chun teacht i dtír níos mó ar an teicneolaíocht seo i margadh na hÉireann, agus bhí sé mar aidhm acu freisin moltaí oiriúnacha a fhorbairt ar mhaithe le cur i bhfeidhm polasaí náisiúnta faoi TCC/CHP in Éirinn. Mar chuid dá thacaíocht don Ghrúpa Beartais, cuireann an FIÉ an Chathaoirleacht agus an Rúnaíocht araon ar fáil.

### Cuspóir

Is iad príomhchuspóirí an Ghrúpa Beartais ná triail a bhaint as, i gcomhthéacs na Treorach AE ar Chomhghineadh agus tionscnaimh polasaí eile lena mbaineann:

- > Na tìmpeallachtaí is fearr chun fearais TCC/CHP a shuiteáil, chun tiosaíochtaí fuinnimh poitéinsiúil a uasmhéadú
- > Na roghanna polasaí agus meicníochtaí tacaíochta atá ar fáil don rialtas chun úsáid níos mó a bhaint as TCC/CHP a spreagadh
- > Moltaí faoi leith chun gníomhaíochtaí a mhéadódh éifeacht an TCC/CHP ag suíomh/insealbhaite chuí in Éirinn
- > Moltaí ar chur i ngníomh polasaí náisiúnta ar an TCC/CHP, bunaithe ar spriocanna ar féidir a bhaint amach.

### Baill

Tá an grúpa sa Roinn Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha déanta suas de ionadaithe ar fhorbróirí agus úsáideoirí déantúsaíochta iad, Cumann TCC/CHP na hÉireann, IBEC, an EPA, an Roinn Chomhshaoil agus Rialtas Áitiúil, an Coimisiúin um Rialachán Fuinnimh (CRF/CER) Comhlachtaí Áisiúlachta, comhairleoirí ábhartha, lucht acadúil agus ionadaithe ó FIÉ.

Tugann an Grúpa cuireadh do sholáthróirí, tionscal, údarais áitiúla agus gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí.

### Tuarascáil

Tá tuarascáil dréachta eastramhach eisithe ag an nGrúpa i mí na Nollag 2004. Áireofar sa tuarascáil dheireannach, atá le teacht amach i 2005, ionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara, agus treoir a chur ar fáil do chur i ngníomh beartas an rialtais agus gníomhaíocht ar ghnéithe a bhaineann le TCC/CHP.

# Clár Forbartha Uasghrádú na Greille

Faoi mar atá sí déanta i láthair na huaire, tá greille leictreachais na hÉireann mí-oiriúnach do nascadh lín mhóir de ghineadóirí in-athnuaite le TCC ar scála beag nó meánach, a bheadh suite go mór mhór i gceantair iargúlta. Tá sé seo mar chonstaic maidir le himscaradh na dteicneolaíochtaí seo.

Má fhaightear réidh leis na constaicí seo, cuideoidh sé le fás leictreachais in-athnuaite na hÉireann a spreagadh.

Is iad príomhchuspóirí an chláir seo ná a fháil réidh le míspreagadh láidir maidir le bheith ar an gcéad thionscadal in-athnuaite i gceantair le bonneagar lag leictreachais, agus méid an bhonneagair leictreachais a uasmhéadú agus na deacrachtaí pleanála a bhaineann leis a laghdú.

Tá an Roinn Chumarsáide Mara agus Acmhainní Nádurtha freagrach as an gclár a chur i ngníomh; Cuidíonn an FIÉ, nuair is féidir, lena chur i ngníomh.

I measc eilimintí an chláir tá:

- > Clár dírithe leathnaithe agus atreisiú na bhonneagar greille a fhorbairt do leictreachas in-athnuaite
- > Tionchar leictreachais a ghintear ón ngaoth, agus éifeachtaí an idirnasctha ar an ngréasán a imscrúdú
- > Maoiniú a cheangal chun seoladh agus tarchur an ghréasáin a uasghrádú

Buiséad 2004: €0.01 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Tá cnuasach amháin á fhorbairt. Tá stádas na n-iarratas chuig an Cnuasach Corderry i gCo. Liatroma mar seo a leanas: Tá glactha le ceithre thairiscint. Iomlán: 21.81 MW Dhé iarratas eile. Iomlán 12.3 MW Níl aon iarratas ag leibhéal tarchuir

### Maoiniú CFUG

Tar éis an athbhreithnithe lár théarma an CFN, ba é 28.28 milliún an maoiniú a bhí faomhaithe don chlár. Go dtí seo meastar go bhfuil 5.72 caiteachas ar chonarthaí le caitheamh ag Gréasáin BSL chun an Cnuasach Corderry a chur i ngníomh. Tá nasctha an chnuasaigh le bheith comhlánaithe i lár 2005.

## COSTAIS AGUS LEASA DO GHINEADH FAOI THALAMH IN ÉIRINN

I Meán Fómhair 2004, choimisiúnaigh an FIÉ BP Power chun anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na leasa costais teicniúil, airgeadais agus eacnamaíoch de na tionchair a bheadh ag gineadh faoi thalamh in Éirinn. Iarradh ar na comhairleoirí freisin feidhmeanna cuí tráchtála agus teicniúla a mholadh do ghineadóirí faoi thalamh. Bheadh na feidhmeanna seo deartha chun costais a laghdú agus leasa a uasmhéadú do sholáthóirí leictreachais, d'Oibritheoirí Córais Seolta (OCS/TSO), An Oibritheoir Córais Dáilte (OCD/DSO), don ghineadóir faoi thalamh agus an tomaltóir leictreachais.

### Scóip an Staidéir

Chlúdaigh athbhreithniú an chomhairleora na catagóir seo a leanas:

- > Úsáid a bhaint as sochair ghréasáin
- > Cailteanais chórais agus tíosaíocht chórais foriomlán
- > Cáilíocht agus slándáil sholáthair
- > Costais atreisiú na córais
- > Tionchar gineadh faoi thalamh ar phleananna atreisiú
- > Rialúchán córais, cothromaíocht ualaigh agus sábháilteacht

Rinneadh staidéir chórais chumhachta ar rannóga gréasáin ionadaithe chun réimse an chostais agus na leasa a thagann nuair a dhéantar nascadh idir pollta éagsúla agus saghasanna ginte faoi thalamh.

### Torthaí Staidéir

Mhol na comhairleoirí, modheolaíochtaí, ina bhféadfadh torthaí staidéir chórais chumhachta a chur i ngníomh ag an oibritheoir gréasáin agus feidhm nasctha ginte á meas aige nó aici.

Tá an tuarascáil dheiridh curtha ar fáil le haghaidh meastucháin don Choimisiún Rialachán Fuinnimh, go háirithe i gcomhthéacs athbhreithnithe reatha ar shocrúithe custaim agus don Gréasáin BSL.

Chuir torthaí staidéir an chórais chumhachta in iúl go bhfuil leasa suntasacha sa ghearrthéarma agus sa fadthéarma araon, a dhéadfadh a theacht trí gineadh faoi thalamh a nascadh leis an gréasán dáilte. Baineann éagsúlacht leis na leasa seo de réir an mhéid agus an tsaghais gineadóra atá ann agus an chaoi a chuirtear nasc leis an ngréasán dáilte i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé nár leor socruithe custaim simplí gréasáin chun an tionchar dearfach nó diúltach a dhéanfadh a bheith ann nuair a dhéantar nascadh le gréasán gineadóra ag pointe faoi leith. D'fhéadfadh struchtúirí cánacha níos sofaisticiúla a bheith ag teastáil chun na comharthaí cearta margaidh a thabhairt do ghineadóirí beaga.

# Clár Taighde, Forbartha agus Taispeántais Fhuinnimh In-athnuaite

Beidh ról méadaithe ag fuinneamh in-athnuaite maidir le haghaidh a thabhairt ar thrí phríomhspríoc bheartas fuinnimh an Rialtais mar atá slándáil soláthair a chinntiú, iomaíocht chostas agus caomhnú na timpeallachta.

Is é spríoc an chláir ná teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite atá cóngarach don mhargadh a scaradh amach agus teicneolaíochtaí a mbaineann féachaint chuige leo sa todhchaí a mheas agus a fhorbairt. Soláthraíonn an clár tacaíocht do thaighde agus forbairt ar tháirgí fuinnimh in-athnuaite, do thaispeántas margaidh do theicneolaíochtaí nua, do staidéir acmhainní agus do ghníomhaíochtaí taighde um maitheas don phobal.

I measc eilimintí an chláir tá:

- > Taighde a dhíríonn ar roghanna beartas a fhorbairt, struchtúr an mhargaidh a shainmhíniú, costais a laghdú, iontaofacht a fheabhsú agus/nó margáí nua a oscailt
- > Staidéir fhéidearthachta do thionscadail fhuinnimh in-athnuaite
- > Taispeántas dírithe ar thionscadail a mbaineann riosca ard agus toradh ard leo, nó ar nuálacht neamhtheicniúil
- > Fiosrúchán ar réimsí lárnacha a bhaineann le cuid mhór teicneolaíochtaí in-athnuaite

Buiséad i 2004: €3.00 milliún

## Dul Chun Cinn i 2004

Sa tréimhse go dtí mí na Nollag 2004, bhí €7 milliún san iomlán tiomanta do 72 tionscadal agus tá €4.5 milliún caite. I mí Bealtaine 2004, bhí an straitéis a bhain leis an gClár Taighde agus Forbairt Fuinnimh RE scagtha níos mó, agus uaidh sin an bhéim chun tacaíocht curtha ar fuinneamh gaoithe, teas bithmaise, bhithbhreoslaí leachtacha, fuinneamh tonnach agus teicneolaíochtaí stórála fuinnimh. Cuireadh athbhreithniú ar chlár Taighde agus Forbairt Fhuinnimh RE i láthair ag an gCruinniú Fuinnimh In-athnuaite i Meán Fómhair, inar cástaispeánadh roinnt phríomhthionscadal an chláir.

Thosaigh an tionscadal TCC/CHP bithmaise IBS ag feidhmiú i mí Bealtaine 2004 le tacaíocht ó Chlár Taighde agus Forbairt Fhuinnimh (RD%D). Tá 100 kM gaileadán bithmaise millíní/slisíní adhmaid insealbhaite ag Coillte agus fuarthas tacaíocht deontais ón FIÉ. Beidh an gailearán á úsáid chun traenáil a chur ar fáil do theicneoirí Éireannacha i bhfeidhmiú agus in insealbhaite córais teasa adhmaid.

Leanann fuinneamh Aigeáin ar aghaidh ag mealladh spéise an Chláir Thaighde agus Forbartha Fuinnimh (RD&D). Tá trí fhorbróirí garaise ag fáil tacaíochta faoi láthair ón FIÉ, ag a bhfuil staidéar coimisiúnaithe atá mar aidhm aige an acmhainn phoitéinsíúil atá ar fáil do mhargadh leictreachais fuinneamh na taoide Uile-Éireannach a mheas.

## COMHADHAIRTE LE BITHMHAIS

Tá roinnt stáisiún cumhachta ag Éirinn atá oiriúnach do chomhadhaint le bithmais, ar a n-áirítear an stáisiún cumhachta guail ag Moneypoint, an stáisiún cumhachta móna in Edenderry, agus an fearas nua móna ag Loch Rí in iarthar Cho. Uí Fháille a chuirfear i bhfeidhm in Eanáir 2005.

Faoi Scéim Trádála Astuithe an AE (STA), tugadh liúntaisí, a chlúdaigh 73.7% dá leibhéal thagartha astuithe CO<sub>2</sub>, do gach ceann de na fearais seo. Sa chúla seo, agus agus tar éis saincheisteanna mar slándáil agus éagsúlacht sholáthar fuinnimh, choimisiúnaigh an FIÉ Electrowatt-Ekono na Fionlainne chun imscrúdú a dhéanamh ar impleachtaí na bhfearas seo a chomhadhaint, mar mhodh lacáiste CO<sub>2</sub>.

Bhí an leibhéal praiticiúil agus a impleachtaí teicniúla eacnamaíochta agus comhshaoil lárnach don taighde seo. Cuireadh tús leis an staidéar i nDeireadh Fómhair 2003 agus comhlánaíodh é faoi mhí Bealtaine 2004.

Thaispeáin sé go bhfuil féidearacht theicniúil ag baint le comhadhaint i ngach cás, gan leasú, go háirithe i bhfearais mhóna. Fad is atá fadhbanna ann maidir le hiarmhairtí adhmaid a fháil ar chostas eacnamaíoch, tá leibhéal 10% de chomhadhaint sna fearais mhóna inmharthana faoi na coinníollacha costais atá ann faoi láthair. Chuirfeadh cur i bhfeidhm costais suas go €30 an tonna in iúl go bhfuil leibhéal níos mó chomhadhainte réadúil.

Eisíodh cóipeanna den tuarascáil seo chuig páirtithe lena mbaineann, agus dáileadh iad freisin ag Comhdháil 2004 Fuinneamh Adhmaid. (féach cás-staidéar OEFI/ REIO).

# Bunfheidhmeanna an Chláir

**Comhaontuithe Chur i nGníomh (IEA) Ghníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh**  
Tá FIÉ tarmligthe ag an Roinn Chumarsáide Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bheith ar an bpáirtí conraitheoireachta do thrí chomhaontú na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (GIF) (IEA) a bhaineann le fuinneamh Gaoithe, Bithmhaise agus Aigéin.

## **Comhaontú Chur i nGníomh na GIF um Fhuinneamh Gaoithe**

Tháinig Éire isteach i gComhaontú Thaighde agus Fhorbairt Ghaoithe na GIF in athuir i 2002. Agus í ag dul isteach ann, roghnaigh Éire a bheith rannpháirteach i dhá iarscríbhinn laistigh den chomhaontú: Iarscríbhinn XI Malartú Eolais BhunTheicneolaíochta agus Iarscríbhinn nua XXI Múnlaí Dinimiciúla d'Fheirmeacha Gaoithe do Staidéir ar Chórais Chumhachta.

Tá rannpháirtíocht na hÉireann sa tionscnamh taighde seo tar éis dul i gceangal leis an nGreille Náisiúnta BSL chun módhúil dhinimiciúla Greille Náisiúnta BSL tuirbíní gaoithe a fhorbairt.

I mí na Samhna 2004, d'óstáil FIÉ cruinniú de na saineolaithe ba thráthúla Comhaontuithe CTF/RD&D Gaoithe IEA agus socraíodh ansin tús a chur le hiarscríbhinn nua a chur ar bun. Beidh sé mar thosaíocht ag an FIÉ rannpháirtíocht de thaighdeoirí Éireannacha san iarscríbhinn seo a dheimhniú.

## **Comhaontú Bithfhuinnimh na GIF**

Tháinig Éire isteach in athuir i gComhaontú Chur i nGníomh na GIF um Bithfhuinneamh i mí Dheireadh Fómhair 2002 agus tá sí gníomhach ó shin Tasc 29 (Gnéithe Socheacnamúla de Chórais Bhithfhuinnimh) Tasc 38 (Cothromaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa i gCórais Bhithmhaise agus Bhithfhuinnimh) Tasc 39 (Bithbhreoslaí leachtacha) faoi seach.

Beidh an cruinniú foirmiúil Tasc 38 á reachtáil i mBaile Átha Cliath, agus beidh sé urraithe ag FIÉ, a óstáilfidh freisin cruinniú Coiste Feidhmeannaigh san Fhómhar 2005 den Chomhaontú Cur i nGníomh Bithfhuinnimh IEA.

## **Comhaontú Chur i nGníomh na GIF um Fhuinneamh Aigéin**

Cuireadh tús leis an gComhaontú Chur i nGníomh ar Chórais Fhuinnimh Aigéin i mí Dheireadh Fómhair 2001. Is iad na tosaíochtaí cláir atá ann ná tonnta aigéin agus córais srutháin mhara. Is iad an dá phríomhthasc atá ann i láthair na huairé na malartú eolais faoi chórais fhuinnimh aigéin, agus forbairt na gcleachtas chun córais fhuinnimh aigéin a thriail agus a luacháil.

## **Cláir an AE**

Tá an FIÉ freagrach as ceangal le cuideachtaí maoinithe náisiúnta R&D, ag cur ionadaíocht ar fáil ag leibhéal an AE agus ag cur an AE chun cinn chomh maith le tionscnaimh tacaíochta RD&D idirnáisiúnta eile.

D'éirigh le ceithre thionscadal Éireannacha faoi na chéad Ghlaonna do Mholtaí ar 6ú Clár Creatlaí do Thaighde an AE. Is tionscadail taighde mheántéarmacha nó fhadtéarmacha iad trí cinn de na tionscadail sin. Baineann ceann amháin acu le réimse na mbithbhreoslaí agus baineann dhá cheann acu le forbairt ar thaighde aigéin. Is tionscadal gearrthéarmach-meántéarmach é an ceathrú ceann a imscrúdaíonn imeascadh theicneolaíochtaí micri-TCC agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite. Beidh an chéad ghlaoch eile do mholtaí ag díriú ar phobail inmharthana.

## **Caidrimh Sheachtracha**

Tá FIÉ freagrach as comheagrú agus ceangal leis na forais chuí ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an cur chun cinn is éifeachtaí de chuspóirí fuinnimh inmharthana a bhaint amach.

Ag leibhéal idirnáisiúnta, leanann FIÉ de bheith rannpháirteach sa ghréasán EnR, cumann na ngníomhaireachtaí fuinnimh Eorpacha, atá mar mheán úsáideach chun éifeachtúlacht chlár náisiúnta a luacháil agus tionscnaimh nua a thaiscéaladh.

# Staitisticí Fuinnimh

Mar chuid den reachtaíocht a bhunaigh FIÉ mar údarás nua, tá sé freagrach as staitisticí cuimsitheacha náisiúnta agus earnála a fhorbairt agus a chothabháil ar tháirgeadh, athrú agus úsáid deiridh fuinnimh. Chun na críche sin, bhunaigh Fuinneamh Inmharthana na hÉireann an tAonad Tacaíochta Staitisticíúil um Beartas Fuinnimh (ATSBF) (EPSSU) mar fhoireann speisialtóireachta laistigh de rannóg na Seirbhísí Forbartha.

Is é ról an ATSBF ná:

- > Staitisticí fuinnimh a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú chun tacú le hanailís agus forbairt ar bheartais de réir na riachtanas náisiúnta agus na n-oibleagáidí idirnáisiúnta
- > Anailísí staitisticíúla agus eacnamaíola a dhéanamh ar sheirbhísí fuinnimh agus ar roghanna fuinnimh inmharthana chun comhairle bheartas a chur ar an eolas agus bunús a chur faoi thosaíocht na gclár
- > Cur le forbairt agus fógairt tháscairí oiriúnacha inmharthanaachta, lena n-áirítear rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre náisiúnta agus idirnáisiúnta

## An Grúpa Comhordnaithe Staitisticí Fuinnimh

Chomhbhunaigh CSO agus FIÉ an grúpa seo i 2002 chun cur i ngníomh mheicníochtaí do chomhoibriú idir an dá eagraíocht i réimse na staitisticí fuinnimh a bhunú agus a fhorbheathnú. Éascaíonn sé seo forbairt agus anailís ar chorpas níos cuimsithí staitisticí fuinnimh.

## Foilseacháin i 2004

### Fuinneamh in Éirinn (Energy in Ireland) 1990 – 2002

Seoladh an chéad thuarascáil i mí Bealtaine 2003. Tá Fuinneamh in Éirinn ag déanamh imscrúdú ar threochtaí fuinnimh in Éirinn ó 1990, pléann sé na bunchúiseanna agus cuireann sé na treochtaí i gcomparáid le spriocanna Rialtais agus AE chun forbairt na mbeartas agus na dtoisí atá in úsáid chun na spriocanna sin a bhaint amach a chur ar an eolas. Is é an gné is suntasaí den eagrán 2004 ná an díchúpláil suntasach fuinnimh ó fás eacnamaíoch, agus díchúpláil astuithe CO<sub>2</sub> ó thomhailt fuinnimh.

### Próifiliú de Thomhailt Fuinnimh agus Astuithe CO<sub>2</sub> i dTionscal: uasdátaithe 2004

Chuir an tuarascáil seo próifíl d'úsáid fuinnimh tionsclaíochta i láthair agus astuithe CO<sub>2</sub> bunaithe ar shonraí a eisíodh ón CSO i 2001. Rinne sé meastuchán freisin ar leochailleacht fiontair tionsclaíochta d'athruithe praghasanna fuinnimh.

### Tíosaíocht Fuinnimh in Éirinn

Foilsithe i Lúnasa 2004, thug an tuarascáil seo faoi straitéis agus forbairt bheartais san earnáil fuinnimh in-athnuaite a chur ar an eolas. Cuireann an tuarascáil tacar sonraí cuimsitheach ar fáil agus anailís d'fhuinneamh in-athnuaite in Éirinn ag dul leis, ar bhonn Uile-Éireannach.

### Teas agus Cumhacht Chomhcheangailte in Éirinn

Rinne an tAonad Tacaíochta Staitisticíúil um Beartas Fuinnimh in FIÉ suirbhé ar insealbhaite teasa agus cumhachta comhcheangailte (TCC) in Éirinn le linn 2003. Cuireadh torthaí na suirbhé seo i láthair sa tuarascáil seo, a foilsíodh i mí Mhárta 2004, agus thuairisc sí ar threochtaí i dTCC ó 1991.

### Tionscadal Tháscairí Tíosaíochta Fuinnimh: (Odyssee/Mure)

Is tionscadal é an tionscadal Odyssee atá ar bun ar fud an AE, a tionscnaíodh i 1992 agus a bhfuil ceithre bhallstát déag páirteach ann. Is éard is aidhm leis ná táscairí oiriúnacha a fhorbairt, a tháirgeadh agus a fhoilsiú chun treochtaí fuinnimh a mheas agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tiománaithe atá taobh thiar de na treochtaí seo. Forbraíodh roinnt táscairí comhiomlána i 2004. Táthar ag leanúint leis an tionscadal faoi réir athnuachana bliantúla.

Ag deireadh 2004, shínigh FIÉ conartha dhá bhliain don chéad phas eile den tionscadal seo, ag tosú i mí Aibreáin 2005.

### Comhchuibhiú Sonraí Fuinnimh d'Astuithe CO<sub>2</sub>

Ba é cuspóir an tionscadail seo maoinithe ag Eurostat, a tionscnaíodh i 2002, ná comhchuibhiú a dhéanamh ar na sonraí fuinnimh ar bhain an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Eurostat úsáid astu chun fardal náisiúnta na n-astuithe CO<sub>2</sub> a áireamh. Cuireadh tuarascáil eatramhach ar dhifriochtaí sna sonraí do na blianta 1990, 1995 agus 2000 ar aghaidh chuig Eurostat i mí Feabhra 2004. Aontaíodh níos imeachta chun na difriochtaí a bhí le cur ar aghaidh a ghlanadh amach i mí Mhárta 2004. Cuireadh an tuarascáil deiridh, lena n-áirítear sonraí uasdátaithe fuinnimh i bhfoirm cheistiúchán bliantúil don tréimhse 1990 – 2002 i gcrích i mí Mhárta 2004.

### Eolas a Roinnt


Is ball é an tATSBF de Ghrúpa Úsáideoirí Sonraí Fardail na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide, atá freagrach as cuidiú le forbairt fhardal agus réamh-mheastachán feabhsaithe, lena n-áirítear díchomhbhailiú cuí agus creatlach chun tionchair na mbeartas difriúil agus na dtoisí margaidh a mheasúnú.

Tá an tATSBF ar Choiste Staitisticí Fuinnimh Eurostat freisin, agus bhain dhá ghrúpa oibre dá chuid le Táscairí Tíosaíochta Fuinnimh agus Staitisticí TCC.

1. An staid reatha - - ceanglas fuinneamh príomh iomlán, de réir breosla agus de réir earnála
2. Gineadh leictreachais
3. Dúshlán Kyoto – Astuithe gáis ceapadh teasa na hÉireann de réir foinsé
4. Astuithe CO<sub>2</sub> a bhaineann le fuinneamh de réir modh feidhmíochta
5. Fuinneamh in-athnuaite mar chéatadán den fhuinneamh a theastaíonn chun leictreachas a tháirgeadh
6. Speáchas allmhairithe Breosla – Éire agus AE


# Sleachta as Fuinneamh in Éirinn

## Sreabhadh Fuinnimh in Éirinn 2003




Tabhair ar aird: tá roinnt difríochtaí staitisticíúla ann idir ionchuir agus aschuir.

## Speáchas Allmhairithe Beosla – Éire agus AE




## Sreabhadh Fuinnimh i nGiniúint Leictreachais 2003




Tabhair ar aird: tá roinnt difríochtaí staitisticíúla ann idir ionchuir agus aschuir.


## Fuinneamh in-athnuaithe mar Chéatadán den Fhuinneamh a theastaíonn chun Leictreachas a Tháirgeadh



## Astuithe Gáis Ceapadh teasa na hÉireann de réir Foins



## Astuithe CO<sub>2</sub> a bhaineann le Fuinneamh de réir Modh Feidhmíochta



# Tuarascáil Riaracháin

## Cód Cleachtais do Rialú Fhoras Stáit

I mí Dheireadh Fómhair 2001 d'fhaomh an rialtas Cód Cleachtais nua do Rialú Fhoras Stáit. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar na príomhfhórála agus tá toisí glactha aige chun a chinntiú go gcomhlíontar iad.

### Rialuithe Inmheánacha

Áirítear le córas rialaithe inmheánach FIÉ beartais, próisis, tascanna, iompraíochtaí agus gnéithe eile den eagraíocht, a éascaíonn oibriúcháin éifeachtacha, éifeachtúla agus ag an am céanna cinntíonn sé tuairisciú cáilíochta agus comhlíonadh rialacháin agus reachtaíochta. Mar chuid de sin comhlíonadh FIÉ an Cód Cleachtais do Rialú Fhoras Stáit maidir le gach saincheist soláthair agus chánachais agus dualgais iniúchta.

### Sláinte agus Sábháilteacht

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, cuireann FIÉ cultúr dearfach sláinte agus sábháilteachta chun tosaigh ar fud na heagraíochta. Féachann sé chun coinníollacha oibre a sholáthar atá slán agus sláintiúil, chun sábháilteacht áitribh, trealamh agus timpeallacht ghinearálta oibre FIÉ a chinntiú, agus chun a chinntiú, chomh fada agus atá réasúnta ó thaobh praiticiúil de, nach gcuirtear sláinte nó sábháilteacht aon duine a dtéann a oibriúcháin i bhfeidhm orthu, idir an fhoireann agus an pobal, i mbaol.

Is é beartas an FIÉ i gcónaí ná leas na bhfostaithe a chosaint trí timpeallacht oibre shábháilte a chothú agus córas oibre de bhun na gceanglas san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

### Leas Bhaill agus Rúnaí an Bhoird

Faoi réir teoracha na Roinne Airgeadais do Ghníomhaíochtaí Stáit, tá a gcuid leasa cláraithe ag baill chuideachtaí i ndualgais eile leis an Rúnaí agus ní bhíonn siad rannpháirteach i gcinntí ná ní fhaigheann siad doiciméadacht mar gheall ar na dualgais seo agus eile nuair a d'fhéadfadh coimhlínt leasa a bheith i gceist.

### Suíomh

Tá príomhoifig FIÉ suite ar champas Fhiontraíocht Éireann i nGlas Naíon agus tá dhá oifig réigiúnach aige, ceann amháin atá suite ar áitribh Fhiontraíocht Éireann i Sligeach agus ceann eile atá suite i bPáirc Ghnó an Aerfoirt i gCorcaigh.

Faoi scéim dhílárnaithe an Rialtais, tá príomhoifig FIÉ le hathlonnú i nDún Dealgan, Contae Lú.

# Aguisín 1 - Rogha Fhoilseachán FIÉ

SEI five-year strategy  
A review of fuel poverty and low income housing

## **Don Bhaile**

Information guides  
Guide to insulating your home  
A Detailed Guide to Home Heating Systems  
Building an Energy-Efficient Home  
Purchasing an Older House  
Consumer guide to sustainable energy  
How to make your home more energy efficient

## **Don Scoil**

Energy resources in Ireland  
Energy in our lives  
Exploring energy  
Guzzler's big book on energy  
Hey everything's working  
The energy life

## **Na hEarnálacha Tionscail, Tráchtála agus Poiblí**

### *Tionscal*

Large Industry Energy Network – Annual Reports:  
2000 – 2002 inclusive  
Annual Self Audit & Statement of Energy Accounts Scheme  
Annual Report 2000 – 2001  
*Energy Focus* quarterly newsletter

### *Comhaontuithe Idirbheartaithe*

Negotiated Agreements Focus on Thermal Energy Reduction  
Negotiated Energy Agreements Pilot Project Final Report 2003  
Negotiated Energy Agreements Pilot Project Final Report  
Executive Summary 2003

### *Tiosaíocht Fhuinnimh i bhFoirgnimh*

Commercial/Industrial Fuels – comparison of Energy Costs  
Good practice Case Study – BEMS at UCD, Belfield  
Good Practice Case Study – Gaelscoil An Eiscir Riada, Tullamore,  
Co. Offaly  
Good Practice Case Study – Mater Private Hospital  
Good Practice Case Study – Limerick County Hall  
Good Practice Case Study – St. Dymphna's Hospital Carlow  
Good Practice Case Study – Finglas Swimming Pool  
Managing Energy – A Strategic Guide for SMEs

## **Staitisticí**

Energy In Ireland 2002 :Trends, Issues and indicators 1990-2001  
Profiling Energy Consumption and CO<sub>2</sub> emissions in Industry  
2004 update: Sensitivity to Carbon Taxation and Emissions Trading  
Energy and CO<sub>2</sub> Efficiency in Transport: Analysis of new car  
registration in year 2000  
Combined Heat and Power in Ireland:Trends and Issues 1991-2002

## **Foilseacháin Fhuinnimh agus Iompair In-athnuaite**

### *Gaoth*

A study of renewable energy in the new Irish electricity market  
Attitudes towards the Development of Wind Farms in Ireland  
How to develop a Wind Farm  
Operating reserve requirements for wind power penetration  
increases in the Irish electricity system

### *Bithmhais agus Dramháil*

An Assessment of the Renewable Energy Resource Potential of  
Dry Agricultural Residues in Ireland  
A Resource Study on Recovered Vegetable Oil and Animal Fats  
Cofiring with biomass  
Landfill Gas in Ireland – The Facts  
Quality Assurance for rapeseed oil as a vehicle fuel

### *Fuinneamh In-athnuaite i bhFoirgintí*

Passive Solar Design – Solar Homes Catch the Sun  
Solar Energy in the Home  
Solar Water Heaters  
Wood Pellet Stoves  
A renewable heat pump in your house

### *Iompar*

The Route to Sustainable Commuting  
Sustainable Transport  
Strategies to reduce greenhouse gasses from Irish transportation

# Aguisín 2 - Tionscadail Faofa i 2004

Leagann an aguisín seo amach liosta de gach tionscadal taispeántais lenar íocadh airgead i 2004. Níl staidéir choimisiúnaithe ná tuarascálacha, tacaíocht rialtais ná, feidhmíocht agus dul chun cinn cláir ann.

## Scéim Tacaíochta um Staidéar Deartha

Comhairle Cathrach Chorcaí	€ 6,200
An Roinn Oideachais agus Eolaíocht	€ 22,110
Forfás	€ 6,000
Comhairle Contae Chiarraí	€ 6,875
Bord Sláinte Lártíre	€ 6,000
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	€ 10,000
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	€ 7,500
Comhairle Contae Loch Garmáin	€ 7,500
	<u>€ 72,185</u>

## Scéim Infheistíochta Poiblí i Múnlaí de Réitigh

Comhairle Contae Chorcaigh	€ 5,750
An Roinn Cosanta	€ 38,026
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	€ 58,664
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	€ 50,000
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha	€ 69,271
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	€ 40,945
Ospidéal Cnáimhseachais Shráid Holles	€ 259,937
Comhairle Contae Chill Dara	€ 50,061
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn	€ 34,784
Briogáid Dóiteáin Chathair Luimní	€ 29,711
Comhairle Contae Mhaigh Eo	€ 9,590
Ospidéal Thrócaire na hOllscoile	€ 14,782
Bord Sláinte an Oirthuaiscirt	€ 23,550
Oifig na nOibreacha Poiblí	€ 97,483
Na Coimisinéirí Ioncaim	€ 11,258
Bardas Shligigh	€ 20,804
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	€ 58,573
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€ 316,000
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	€ 157,639
Ollscoil Luimní	€ 47,989
Bord Sláinte an Iarthair	€ 132,322
	<u>€ 1,527,139</u>

## An biuro um Bainistíocht Fuinnimh

"e3" – € UCD, DCU, DIT agus Trinity	€ 18,482
Ceangaltais Iomlán	€ 48,919
	<u>€ 67,401</u>

## An Clár um Thithíocht Ioncaim Ísil

Action Inishowen	€ 32,822
Clondalkin Home Improvement Project	€ 113,470
CúnamhEnergy Action Ltd	€ 90,565
Cúnamh Energy Action Ltd	€ 32,822
Energy Action	€ 173,463
Meitheal Forbartha na Gaeltachta	€ 22,300
Northside Community Enterprises Safe Ltd	€ 110,834
Southill Community Services Board	€ 18,391
Wexford Area Partnerships	€ 27,645
Ceangaltais Iomlána	<u>€ 589,490</u>

## Aguisín 2 - Tionscadail Faofa i 2004

### Clár Taighde agus Forbartha Fhuinnimh In-athnuaite

Airtricity Developments (Ireland) Ltd	€ 83,056
Anthony Childs	€ 13,141
Arsenal et al	€ 24,515
ART Generation	€ 11,146
Biogreen Fuels Ltd	€ 48,922
Camphill Community Jerpoint Thomastown	€ 18,107
CENER	€ 49,380
Clearpower Limited	€ 9,208
Coillte	€ 72,086
CSA Group Ltd.	€ 77,008
Danish Energy Authority	€ 20,070
Dunstar Ltd	€ 4,075
Electricity Research Centre, UCD	€ 40,547
ESBI Consultants	€ 10,073
Freshford 20/20 Ltd.	€ 20,000
Gaoth Tec Teo	€ 191,239
Glanbia Plc	€ 34,250
Glenstal Abbey	€ 9,298
Independent Biomass Systems	€ 500,000
Institute for Numerical Computation and Analysis/Airtricity Ltd.	€ 6,825
Marketmaker Software Ltd	€ 13,750
Meenacloghspar Ltd	€ 59,329
Ocean Energy Ltd	€ 19,383
Riso National Laboratory	€ 45,488
Shamrock Solar Energies Ltd	€ 8,155
The Western Development Commission	€ 8,000
Tipperary Co-Operative Creamery Ltd	€ 15,700
Wavebob Ltd	€ 21,574
Youngfield Workshops	€ 24,303
	<u>€ 1,458,628</u>

### An Clár um TCC/Théamh Limistéar

BMF Business Services	€ 25,298
	<u>€ 25,298</u>

### Clár Taighde agus Forbartha Theach an Lae Amáraigh

Seirbhísí na mBráithre Carthanachta	€ 30,795
Camphill Communities	€ 22,500
Century Homes Ltd	€ 138,830
Des Foley	€ 25,000
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	€ 200,000
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	€ 4,305
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	€ 160,000
Gníomhaireacht Fuinnimh na Gaillimhe	€ 1,250
McInerney Homes Ltd	€ 45,000
O Mahony Pike Architects	€ 7,500
Radon Ireland Group Ltd	€ 30,000
Comhairle Contae Thrá Lí	€ 96,000
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€ 4,800
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	€ 15,825
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath/ERG	€ 5,412
	<u>€ 787,218</u>

### Transport

Dublin City Council	€ 100,000
	<u>€ 100,000</u>



Is é **an misean atá againn** ná cuidiú le forbairt fuinnimh inmharthana agus é a chur chun cinn



## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig, 2004

### Ábhair

Ráiteas maidir le Córas Rialúcháin Inmheánaigh Airgeadais	1
Ráiteas i leith Fhreagrachtaí an Bhoird	2
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	3
Beartais Chuntasáíochta	4
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	5
Clár Comhardaithe	6
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	7-15

## Ráiteas maidir le Córas Rialúcháin Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann Bhord Fuinneamh Inmharthana Éireann, admhaím an fhreagracht atá orainn deimhniú go ndéantar córas éifeachtúil rialúcháin inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnach a thabhairt, agus ní urrús absalóideach, go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thairneadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil ama.

### Eochairnósanna Imeachta Rialúcháin

Ghlac an Bord céimeanna chun a chinntiú go mbeadh timpeallacht chúil rialúcháin ann, trí fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir, lena n-áirítear teipeanna suntasacha rialúcháin a thairneadh agus gníomhartha cuí ceartúcháin a chinntiú.

Tá an Bord ag obair ar phrósas a bhunú chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú:

- > trí chineál, fairsinge agus impleacht airgeadais na rioscaí a aithint; tríd an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- > trí mheasúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta na rioscaí
- > a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Tá an córas rialúcháin inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmhigin agus cuntasachta. Go háirithe, áirítear:

- > córas cuimsitheach buiséadúcháin lena n-áirítear buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- > athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thairneadh airgeadais tréimhsíúla agus bliantúla a léiríonn an feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéis;
- > spriocanna a leagadh síos le feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- > leibhéal chúil infheistíochta léirithe le haghaidh clár maoiniúcháin.


Cuireadh feidhm iniúchta inmheánaigh Fuinneamh Inmharthana Éireann amach ar conradh chuig cuideachta cuntasóirí ag deireadh 2002. Braitheann an plean iniúchta inmheánaigh bliantúil a forbraíodh, ar anailís na rioscaí a bhíonn os comhair an údaráis. D'fhormhuinigh an Coiste Iniúchta an cur chuige sin agus cheadaigh an Bord é. Cheadaíonn an Coiste Iniúchta Plean Iniúchta Straitéisigh Inmheánaigh agus déanann sé athbhreithniú air go bliantúil nuair is gá. Tugann na hiniúcháir inmheánacha tuairiscí don Choiste ar thascanna a rinneadh. Leagann na tuairiscí sin béim ar easpaí sa chóras rialúcháin inmheánaigh airgeadais, nó laigeachtaí sa chóras sin, más ann dóibh.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánaigh airgeadais le haird ar na tuarascálacha agus ar an obair atá déanta ag an mbainistíocht, ar ghrúpa oibre na bpolasaithe agus nósanna imeachta, ar an gcoiste iniúchta agus ar na hiniúcháir inmheánacha, in éineacht leis an bpróiseas bainistithe riosca atá ar bun ag an eagraíocht faoi láthair.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Dearbhaím go raibh athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánaigh airgeadais i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2004.

### Sínithe thar ceann an Bhoird



An Cathaoirleach

# Fuinneamh Inmharthana Éireann

## Ráiteas i leith Fhreagrachtaí an Bhoird don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

Bunaíodh Fuinneamh Inmharthana Éireann – Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana (ar a dtugtar Fuinneamh Inmharthana Éireann) faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus tháinig sé ar an saol ar 1 Bealtaine 2002. Faoi alt 21(2) den Acht, rinneadh trealamh agus maoin uile Fhiontraíocht Éireann, le haghaidh úsáide Ionad Fuinnimh na hÉireann, seachas an mhaoin a ndéantar tagairt di in alt 21(1) den Acht, a aistriú chuig Fuinneamh Inmharthana Éireann ar an dáta sin.


Éilíonn Alt 24(2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé formáid a cheadaíonn an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha, le cead an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:


- > beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta;
- > breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- > na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm;
- > dearbhú ar comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme nó nár comhlíonadh iad, faoi réir ag aon neamhchomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí cuntas a choimeád, a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, stádas airgeadais an Údaráis, agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní uile a atá mbíonn faoi rialú oibríochtúil aige a chosaint, agus mar sin, tá sé freagrach as réasúnta a ghlacadh le calaíocht agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

### Sínithe thar ceann an Bhoird



**Frank Convery**  
An Cathaoirleach



**David Taylor**  
An Príomhfheidhmeannach

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

---

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 4 go dtí 15 iniúchta agam faoi Alt 24(3) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002.

### **Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach**

Tá freagrachtaí cuntasáochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach ar leathanach 2. Tá sé de fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 1 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann an tÚdarás amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

### **An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**


I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh agus a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil leis an mbealach a bhainistítear agus a oibrítear na comhlachtaí sin.

Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### **Tuairim**

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an Údarás agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an Údaráis ar an 31 Nollaig 2004 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.



**Gerard Smyth**  
**Le haghaidh agus thar ceann an**  
**Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**  
**9ú Meitheamh 2005**

### (A) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2004.

### (B) Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, ach amháin na ráitis thíosluaite, agus ullmhaíodh iad de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta, faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus san fhormáid a cheadaigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a nglacann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta leo de réir mar a bhíonn siad infheidhme. Tá na ráitis airgeadais in aonad airgeadra an Euro.

### (C) Deontais Stáit

Léiríonn na Deontais Stáit a thaispeántar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an méid a fuarthas ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

### (D) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas ceannaithe lúide dímheas carnta. Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolréanna úsáideacha measta:

Mótarfheithiclí	20%
Daingneáin agus Feistis	33.33%
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%
Bogearraí	33.33%

### (E) Aoisliúntas

Forálann Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 do bhunú scéimeanna aoisliúntais ag an Údarás. Is scéim de shochar sainmhínithe í an scéim seo chun críche Acht Pinsin 1990. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin ag feitheamh ar cheadú an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, le cead an Aire Airgeadais.

### (F) Cuntas Caipitiúil

Is ionann an Cuntas Caipitiúil agus luach neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar chrioch

	Notes	2004	2003
<b>Ioncam</b>		€	€
Deontais Stáit	1	13,868,000	13,250,000
Ioncam ó Chonarthaí AE	2	24,129	(22)
Ioncam Eile	3	227,013	228,386
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>14,119,142</b>	<b>13,478,364</b>
<b>Aistriú chuig Cuntas Caipiteal</b>	14	(39,570)	(133,617)
		<b>14,079,572</b>	<b>13,344,747</b>


## Caiteachas

Tuarastail, Pinsin agus Muirir Ghaolmhara	4	3,055,159	2,437,416
Earcaíocht, Oilíúint & Oideachas	5	147,098	238,076
Fógraíocht agus Cur Chun Cinn	6	1,683,662	1,775,714
Táillí Comhairleoireachta Ginearálta agus Táillí Gairmiúla	7	436,175	379,425
Riarachán Ginearálta	8	793,498	711,689
Clár an Chomhshaoil Thógtha	9	2,964,642	4,519,257
Clár um Thaighde & Forbairt	10	4,587,474	2,517,168
Clár an Fhuinnimh Mhalartaigh	11	817,476	894,251
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>14,485,184</b>	<b>13,472,996</b>
<b>Easnamh don Bhliain</b>		<b>(405,612)</b>	<b>(128,249)</b>
<b>Barrachas amhail ar an 1ú Eanáir</b>		<b>363,811</b>	<b>492,060</b>
<b>(Easnamh)/ Barrachas amhail ar an 31 Nollaig</b>		<b>(41,801)</b>	<b>363,811</b>

Níl aon ghnóthachan ná aon chailteanas ag an mBord le linn na tréimhse airgeadais seachas na cinn a ndéileálar leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasáíochta agus Nótaí 1 go 20.



**Frank Convery**  
An Cathaoirleach



**David Taylor**  
An Príomhfheidhmeannach


# Fuinneamh Inmharthana Éireann

## Clár Comhardaithe amhail

ar an 31 Nollaig 2004

	Notes	2004	2003
<b>Sócmhainní</b>		€	€
Sócmhainní seasta	12	218,141	178,572
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Banc		581,157	566,977
Féichiúnaithe		103,200	147,394
Réamhíocaíochtaí		9,309	9,506
		<b>693,666</b>	<b>723,877</b>
<b>(Dliteanais Reatha)</b>			
Creidiúnaithe	13	582,133	162,008
Fabhruithe		89,237	94,080
CBL		64,097	103,978
		<b>735,467</b>	<b>360,066</b>
Glansócmhainní/(Dliteanais Reatha)		<b>(41,801)</b>	<b>363,811</b>
<b>Iomlán na nGlansócmhainní</b>		<b>176,340</b>	<b>542,383</b>
<b>Maoinithe ag</b>			
Caipitiúil	14	218,141	178,572
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(41,801)	363,811
		<b>176,340</b>	<b>542,383</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 20.



**Frank Convery**  
An Cathaoirleach



**David Taylor**  
An Príomhfheidhmeannach

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch **31 Nollaig 2004**

### 1. Deontais Stáit

Faoi alt 22(1) den Acht um Fuinneamh Inmharthana 2002, soláthraíonn an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maoiniú don Údarás chun go mbeadh sé in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an maoiniú a soláthraíodh i rith na bliana faoin gClár Oibriúcháin um Infrastruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESIOP) comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

	2004	2003
Infrastruchtúr Institiúideach	€5,741,000	€5,400,000
Comhshaol Tógtha	€2,805,000	€4,500,000
Taighde & Forbairt	€4,542,000	€2,490,000
Fuinneamh Malartach	€780,000	€860,000
	<b>€13,868,000</b>	<b>€13,250,000</b>

Mhaoinigh Rialtas na hÉireann an Clár Oibriúcháin um Infrastruchtúr Eacnamaíoch agus Sóisialta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, le clár a bhí páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach. Áirítear ar ioncam an chomhshaoil tógtha méid de €127,000 a íodadh le Gníomhaíocht Fuinnimh thar ceann na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (DCMNR). Léirítear an mhír chaiteachais sin freisin i bhfigiúr caiteachais an Chomhshaoil Tógtha i Nóta 9.

### 2. Ioncam ó Chonarthaí AE

Tagann na cistí ó chonarthaí AE ó ghníomhaíochtaí in Éifeachtacht Fuinnimh agus Fuinneamh Inmharthana lena n-áirítear cur chun cinn teicneolaíochta, scaipeadh faisnéise agus comhordú agus bainistiú imeachtaí.

### 3. Ioncam Eile

Is éard atá san ioncam eile ná an teacht isteach ón gcúrsa Bainistíochta Coire-Tí a reachtáladh sa tréimhse. Reachtáladh eachtra débhlíantúil An Seó Fuinnimh freisin laistigh den tréimhse.

	2004	2003
Ioncam ó na Ceardlanna	€57,720	€28,500
Ioncam Eile	€19,293	€4,886
Ranníocaíochtaí don Lá Saor ó Ghluaisteáin	€150,000	€195,000
	<b>€227,013</b>	<b>€228,386</b>

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

### 4. Luach Saothair agus Costais Phá eile

Tá an tÚdarás ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail i gcomhair ranníocaíochtaí pinsin, atá san áireamh i gCreidiúnaithe go dtí go dtugtar an scéim chun críche. Ní cheanglaítear ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh don scéim seo.

	2004	2003
Tuarastail agus Pinsin	€2,380,587	€1,948,935
Ranníocaíocht Fostóra do leas sóisialach	€225,991	€186,554
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Foirne	€130,267	€115,783
Foireann Gníomhaireachta/Conartha	€117,768	€7,440
Sochair Chomhaltaí an Bhoird	€200,546	€178,704
	<b>€3,055,159</b>	<b>€2,437,416</b>

### 5. Earcaíocht, Oiliúint agus Oideachas

	2004	2003
Earcaíocht & Oiliúint Foirne	€126,199	€222,181
Síntiúis agus Foilseacháin Foirne	€17,826	€11,089
Cruinnithe Foirne	€3,073	€4,806
	<b>€147,098</b>	<b>€238,076</b>

### 6. Fógraíocht agus Cur Chun Cinn

	2004	2003
Costais Fhógraíochta	€468,410	€672,123
Priontáil & Dearadh	€356,949	€332,529
Urraíocht	€271,288	€318,419
Caidreamh leis an bPreas	€171,914	€121,906
Costais na gCeardlann	€171,740	€105,153
Ábhair	€117,230	€121,256
Gníomhaíochtaí Cur Chun Cinn Ginearálta	€76,106	€70,234
Forbairt Láithreáin Ghréasáin	€50,025	€34,094
	<b>€1,683,662</b>	<b>€1,775,714</b>

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch **31 Nollaig 2004**

### 7. Táillí Comhairleoireachta Ginearálta agus Táillí Gairmiúla

	2004	2003
Seirbhísí Fuinnimh Inmharthana	€21,875	€18,887
Forbairt Eagraíochtúil	€142,257	€91,394
Caidreamh Poiblí & Fógraíocht	€30,135	€17,434
Tionscal & Coire	€128,658	€101,500
Clár na Scoileanna	€18,371	€13,985
Idirchaidreamh le Gníomhaireachtaí Áitiúla Fuinnimh	€11,773	€61,069
Aonad Tacaíochta Staitistiúil do Bheartas Fuinnimh	€51,777	€49,679
Eile	€31,329	€25,477
	<b>€436,175</b>	<b>€379,425</b>

### 8. Riarachán Ginearálta

	2004	2003
Muirir Fhoirgnimh & Seirbhísí Eile	€245,133	€243,445
Taisteal agus Cothú - Foireann	€204,495	€179,583
- An Bord	€19,302	€20,013
Deisiúcháin agus Cothabháil	€153,542	€93,034
Táillí Iniúchta - Inmheánach	€35,054	€30,582
- Seachtrach	€15,000	€10,000
Árachas & Dlíthiúil	€43,821	€56,277
Teileafón	€8,946	€9,712
Páipéarachas	€16,581	€24,534
Eile	€51,624	€44,509
	<b>€793,498</b>	<b>€711,689</b>

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

### 9. Comhshaoil Tógtha

Tá trí chomhpháirt ar leithligh ag an bhfobheart seo, a bhfuil mar aidhm aige feidhmíocht fuinnimh an stoc tógála náisiúnta a fheabhsú:

- > díriú an Clár Earnála Poiblí ar acmhainní a chur ar fáil le haghaidh feabhsuithe i bhfoirgnimh phoiblí, rud a chiallaíonn go mbeidh an earnáil phoiblí mar dhea-eiseamlár;
- > an aidhm atá le Rátáil Fuinnimh Bhaile ná córas rátála fuinnimh a fhorbairt chun go mbeidh éifeachtacht fuinnimh ina fachtóir do dhaoine agus iad ag déanamh cinntí maidir le tithe a fháil ar cíós nó a cheannach;
- > pléann Tithíocht Lucht Beagioncaim gnéithe a bhaineann le héifeachtacht fuinnimh i dtithe ina mbíonn teaghlaigh ag maireachtáil ar bheagán breosla.

	2004	2003
<b>Tithíocht Lucht Beagioncaim:</b>		
Deontais a eisíodh	€728,492	€555,268
Oibriúchán/Cur Chun Cinn an Chláir	€216,940	€236,242
<b>Clár na hEarnála Poiblí:</b>		
Deontais a eisíodh	€1,807,490	€3,618,226
Oibriúchán/Cur Chun Cinn an Chláir	€24,449	€27,408
Staidéir/Tuairiscí Coimisiúnaithe	€159,739	€0
<b>Rátáil Fuinnimh Bhaile</b>		
Staidéir/Tuairiscí Coimisiúnaithe	€0	€65,340
Oibriúchán/Cur Chun Cinn an Chláir	€27,532	€16,773
	<b>€2,964,642</b>	<b>€4,519,257</b>

Áirítear ar ioncam an chomhshaoil tógtha méid de €127,000 a íocadh le Gníomhaíocht Fuinnimh thar ceann na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha (DCMNR). Léirítear an mhír chaiteachais sin freisin i bhfigiúr caiteachais an Chomhshaoil Tógtha i Nóta 1.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

### 10. Taighde agus Forbairt

Tugann an fobheart Taighde agus Forbartha tacaíocht d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm cleachtais fuinnimh inmharthana i dtithe Éireannacha. Tacaíonn sé freisin le tionscadail a mbíonn mar aidhm acu méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as fuinneamh inmharthana, trí theicneolaíochtaí, táirgí, cleachtais agus faisnéis a ghiniúint agus a chur i bhfeidhm.

	2004	2003
<b>Teach na Todhchaí:</b>		
Deontais a eisíodh	€810,468	€418,863
Staidéir/Tuairiscí Coimisiúnaithe	€121,562	€0
Oibriúchán/Cur Chun Cinn an Chláir	€56,319	€64,043
<b>Earraí Athnuaithe:</b>		
Deontais a eisíodh	€1,458,628	€500,133
Staidéir/Tuairiscí Coimisiúnaithe	€886,835	€537,348
Tacaíochta Oideachasúil	€183,642	€0
Oibriúchán/Cur Chun Cinn an Chláir	€475,189	€431,914
<b>Tionscal:</b>		
Deontais a eisíodh	€0	€238,766
Oibriúchán/Cur Chun Cinn an Chláir	€494,831	€326,101
<b>Iompar</b>		
Deontais a eisíodh	€100,000	€0
	<b>€4,587,474</b>	<b>€2,517,168</b>

### 11. Fuinneamh Malartach

Forálann an beart seo maoiniú sna trí réimse seo a leanas: Infrastruchtúr Leictreachais agus Teasa €6,400 an clár pólótach CHP/teas limistéir €134,560 agus an Oifig um Fhaisnéis ar Fhuinneamh Inathnuaithe (REIO) atá mar sheirbhís náisiúnta de chuid an Údaráis a bunaíodh le húsáid acmhainní fuinnimh inathnuaithe a chur chun cinn, €676,516.

	2004	2003
Deontais a eisíodh	€717,188	€857,739
Staidéir/Tuairiscí Coimisiúnaithe	€88,831	€0
Oibriúchán/Cur Chun Cinn an Chláir	€11,457	€36,512
	<b>€817,476</b>	<b>€894,251</b>

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

### 12. Sócmhainní Seasta

	Trealamh Ríomhaireachta agus Bogearraí €	Daingneáin & Feistis €	Mótarfheithiclí €	Iomlán €
<b>Costas:</b>				
Amhail ar an 1 Eanáir 2004	133,868	50,721	40,750	225,339
Breiseanna	123,162	10,766	0	133,928
Diúscairtí	2,958	0	0	2,958
Amhail ar an 31 Nollag 2004	254,072	61,487	40,750	356,309
<b>Dímheas:</b>				
Amhail ar an 1 Eanáir 2004	32,061	7,235	7,471	46,767
Muirear don Bhliain	62,315	20,936	8,150	91,401
Amhail ar an 31 Nollag 2004	94,376	28,171	15,621	138,168
<b>Glanmhéid an Leabhair:</b>				
<b>Amhail ar an 31 Nollag 2004</b>	<b>159,696</b>	<b>33,316</b>	<b>25,129</b>	<b>218,141</b>
<b>Amhail ar an 31 Nollag 2003</b>	<b>101,807</b>	<b>43,486</b>	<b>33,279</b>	<b>178,572</b>

### 13. Creidiúnaithe

	2004	2003
Ranníocaíochtaí aoisliúntais Foirne a Coimeádadh	€291,660	€161,393
Creidiúnaithe Trádála	€290,473	€65
Eile	€0	€550
	<b>€582,133</b>	<b>€162,008</b>

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

### 14. Cuntas Caipitiúil

	2004	2003
larmhéid Tosaigh	€178,572	€44,955
<b>Ón gCuntas Ioncaim &amp; Caiteachais</b>		
Chun Breiseanna Sócmhainní Seasta a mhaoiniú lúide Diúscairtí	€130,970	€176,771
Amúchadh ag teacht le Dímheas na Sócmhainní	(€91,401)	(€43,154)
	€39,569	€133,617
<b>larmhéid ag Deireadh na Tréimhse</b>	<b>€218,141</b>	<b>€178,572</b>

### 15. Fostaithe

#### Foireann Bhuan

Ba é 12 meán na bhfostaithe buana le linn na tréimhse.

#### Foireann ar Conradh

Ba é 30 duine meán na n-acmhainní foirne ar conradh a d'fhostaigh Fuinneamh Inmharthana Éireann le linn na tréimhse.

### 16. Áitribh

Tá Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana lonnaithe, faoi cheadúnas, i bhfoirgnimh ar le Fiontraíocht Éireann iad.

### 17. FRS17

Feidhmíonn Fuinneamh Inmharthana Éireann scéim aoisliúntais shochair shainmhínithe don fhoireann. Tá an t-údarás ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail i gcomhair ranniocaíochtaí pinsin, atá á gcoimeád ach nach bhfuil aitheanta mar ioncam. Tá siad san áireamh i gCreidiúnaithe agus tabharfar ar ais don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha iad mar leithreas i gcabhair i 2005. Íoctar teidlíochtaí Aoisliúntais ag eascairt ón scéim as ionam reatha agus cuirtear de mhuipear iad ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, glan ó ranniocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain ina mbíonn siad iníochta.

D'éisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta caighdeán nua cuntasaíochta, Financial Reporting Standard No 17 – Retirement Benefits (FRS 17) i Samhain 2000. Níl sé éigeantach an caighdeán nua a chomhlíonadh go dtí an bhliain airgeadais 2005. Faoi réir an tsocraithe athraithe a leag an caighdeán síos, áfach, tá sé de dhualgas ar Fhuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) aon sócmhainní (más ann dóibh) agus aon dliteanas a bhaineann le scéimeanna pinsin a chuid fostaithe a nochtadh, i bhfoirm nóta ar na cuntais. Tá na torthaí thíosluaite bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais i leith fhoireann Fhuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) amhail ar an 31 Nollaig 2004. Rinneadh an luacháil seo agus úsáid á baint as modh an aonaid theilgthe.

Is iad na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomhadh chun críche FRS 17 ná:

	2004	2003
Bonn Tuisceana ráta lascaine	5.5%	6%
Foshuíomh de Mhéadú ar Thuarastal	4%	4%
Foshuíomh de Mhéadú ar Phinsean	4%	4%
Boilsciú Praghsanna	2%	2%

Bunaithe ar na foshuíomh seo agus ag baint úsáide as modh an aonaid theilgthe a shainordaítear in FRS17, measadh go raibh luach **€5.0m** ar na dliteanais fabhrúithe i leith fhoireann Fhuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) amhail ar an 31 Nollaig 2004. (i gcomparáid le **€3.5m** amhail ar an 31 Nollaig 2003).

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2004

### 17. FRS17 (ar lean)

Toisc go bhfuil an scéim neamh-mhaoinithe níl aon sócmhainní á gcoimeád i leith dliteanais pinsin fhabhrúithe a bhaineann le foireann Fhuinneamh Inmharthana Éireann (SEI).

Dá mbeadh riachtanais FRS 17 glactha go hiomlán i 2004 bheadh an méid seo a leanas léirithe sna ráitis airgeadais:

#### Is í anailís ar an méid a chuirfí de mhuirear ar bhrabús oibriúcháin faoi FRS 17 ná:

Costas seribhíse reatha	€440,000
Costas seribhíse roimhe seo:	-

---

Muirear oibriúcháin iomlán	€440,000
----------------------------	----------

---

#### Is í anailís ar an méid a bheadh creidiúnaithe chuig ioncam airgeadais eile ná:

Ús ar dhliteanais scéime pinsin	(€210,000)
---------------------------------	------------

#### Anailís ar an méid a bheadh aitheanta i ráiteas gnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlán (STRGL):

Gnóthachain agus cailteanais a bheadh ann ag eascairt ó dhliteanais na scéime:	(€160,000)
Athruithe sna boinn tuisceana atá mar bhunús do luach reatha dliteanais na scéime:	(€670,000)

Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach aitheanta sa STRGL:	(€830,000)
---	------------

#### Gluaiseacht san easnamh le linn na bliana

Easnamh ag tús na bliana:	(€3,500,000)
Costas seirbhíse reatha:	(€440,000)
Ús ar dhliteanais scéime	(€210,000)
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach aitheanta sa STRGL	(€830,000)

---

Easnamh sa scéim ag deireadh na bliana	(€4,980,000)
--	--------------

---

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dár críoch **31 Nollaig 2004**

---

### 18. Ceangaltais

Meastar go mbeidh íocaíochtaí de €16,103,789 le déanamh sa todhchaí de bharr ceangaltas a bhaineann le scéimeanna tacaíochta éagsúla.

### 19. Baill an Bhoird – Leasanna a Nochtadh

Ghlac an Bord le nósanna imeachta faoi réir Alt 18 den Acht um Fuinneamh Inmharthana 2002.

### 20. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 31ú Márta 2005.